Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

zevi Zero Emission Vehicles Ireland

# Dréachtstraitéis le haghaidh Sonraí a Bhaineann le Bonneagar Athluchtaithe Feithiclí Leictreacha




An Roinn Iompair

# Clár na nÁbhar


| | | |
|---|---|---|
| Gluais na dTéarmaí | | 3 |
| **1** | **Réamhrá** | **6** |
| 1.1 | Forléargas | 7 |
| 1.2 | Pleanáil Náisiúnta | 7 |
| 1.3 | Rialachán AE | 7 |
| **2** | **Cuspóir agus Struchtúr na Straitéise** | **8** |
| 2.1 | Úinéirí agus Feidhmitheoirí Straitéise | 9 |
| 2.2 | Achoimre ar na Príomhspriocanna Inghnóthaithe agus ar na Príomhfhreagrachtaí | 10 |
| **3** | **Sonraí** | **12** |
| 3.1 | Ceanglais Sonraí Loma AFIR | 13 |
| 3.2 | Cineálacha Úsáideora agus Riachtanais Sonraí Loma Breise | 14 |
| 3.3 | Pointí Sonraí Loma Beartaithe le Soláthar ag CPOnna | 16 |
| 3.4 | Comhairliúchán ar Phointí Sonraí Loma Beartaithe | 18 |
| 3.5 | Maoluithe Faisnéise AFIR | 18 |
| 3.6 | Riachtanais Úsáideora agus Riachtanais Faisnéise | 20 |
| 3.7 | Caighdeáin Sonraí agus Ceanglais um Chaighdeáin Mhalartaithe Sonraí AFIR | 21 |
| 3.8 | Caighdeáin Beartaithe Sonraí agus Caighdeáin Malartaithe Sonraí | 21 |
| **4** | **Éiceachóras Sonraí** | **22** |
| 4.1 | Ceanglais Éiceachórais Sonraí AFIR | 23 |
| 4.2 | Nithe breise a bheidh le cur san áireamh maidir Forfheidhmiú Infrastruchtúr Sonraí | 24 |
| 4.3 | IDRO, DXP, NAP: Infreastruchtúr Eagraíochtúil agus Teicniúil a Chur i bhFeidhm | 28 |
| 4.4 | Comhairliúchán ar Eagrú Éiceachórais Sonraí agus Bonneagar Teicniúil | 28 |
| 4.5 | Plean Forfheidhmithe don Éiceachóras Sonraí | 29 |
| 4.6 | Comhairliúchán ar Fhorfheidhmiú an Ardáin Mhalartaithe Sonraí (agus NAP) | 32 |
| 4.7 | Rochtain Breise Beartaithe ar Shonraí | 33 |
| 4.8 | Rochtain Sonraí do Riachtanais Faisnéise Tiománaithe EV | 34 |
| 4.9 | Comhairliúchán ar Rochtain Bhreise Bheartaithe, lena n-áirítear faisnéis do Thiománaithe EV | 35 |
| **5** | **ITS agus AFIR – Príomhoibleagáidí agus Príomhfhreagrachtaí** | **36** |
| 5.1 | Sonraí | 37 |
| 5.2 | Formáid Soláthair Sonraí | 37 |

5.3 Freagracht CPO 38

5.4 Malartú agus Athúsáid 38

5.5 Freagracht CPO 38

5.6 NAP 38

5.7 Freagracht an Bhallstáit 39

5.8 Freagracht CPO 39

**6 Straitéis - Plean Forfheidhmithe** 40

6.1 Pleanáil agus Freagrachtaí 41

6.2 Rialachas 41

6.3 Srianta 41

6.4 Rioscaí agus Bearta Maolaithe 41

**7 Achoimre** 43

7.1 Achoimre 44

7.2 Straitéis – Comhairliúchán Foriomlán 44

# Gluais na dTéarmaí

| Acrainm | Sainmhíniú |
|---|---|
| AFIR | An Rialachán maidir le Bonneagar Breoslaí Malartacha |
| API | Comhéadan Feidhmchláir |
| BEV | Feithicil Cheallra-Leictreach |
| CAP | An Plean Gnímh don Aeráid |
| CPO | Oibreoir Pointí Luchtaithe |
| CSO | An Phríomh-Oifig Staidrimh |
| SD | Sruth díreach |
| DoT | An Roinn Iompair |
| DXP | Ardán Malartaithe Sonraí maidir le Feithiclí Leictreacha |
| LEE | An Limistéar Eorpach Eacnamaíoch |
| EMAID | Aitheantóir Cuntas Leictrea-shoghluaisteacht |
| ESBN | ESB Networks |
| AE | An tAontas Eorpach |
| EV | Feithicil Leictreach |
| ID EVSE | Aitheantas le haghaidh Trealaimh Soláthair le haghaidh Feithicil Leictreach |
| GDPR | An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí |
| HDV | Feithicil Tromshaothair |
| IDRO | Eagraíocht Cláraithe Sainaitheantais |
| IDRR | Stóras Clárúcháin Aitheantais |
| ITS | Seirbhísí Cliste Iompair |
| LDV | Feithicil Saothair Éadrom |
| MSP | Soláthraí Seirbhíse Soghluaisteachta |
| NAP | Pointe Rochtana Náisiúnta |
| OCPI | Comhéadan do Phointe Luchtaithe Oscailte |
| PHEV | Feithicil Leictreach Hibrideach Inluchtaithe |
| PSO | Oibleagáid Seirbhíse Poiblí |
| TEN-T | An Gréasán tras-Eorpach Iompair |
| TII | Bonneagar Iompair Éireann |
| ZEV | Feithicil Astaíochtaí Nialasacha |
| ZEVI | Feithiclí Astaíochtaí Nialasacha Éireann |

## Breoslaí Malartacha

Cuimsíonn breoslaí malartacha, de réir AFIR (an Rialachán maidir le Bonneagar Breoslaí Malartacha), breoslaí a úsáidtear in ionad ola iontaise i bhfuinneamh iompair. Áirítear leis sin breoslaí malartacha le haghaidh feithiclí a bhfuil astaíochtaí nialasacha acu (i.e. leictreachas, hidrigin, amóinia), breoslaí in-athnuaite (i.e. breoslaí bithmhaise agus breoslaí sintéiseacha agus paraifíneacha), agus breoslaí malartacha neamh-inathnuaite agus breoslaí iontaise idirthréimhseacha (e.g. gáis nádúrtha i gcruth gáis nó i gcruth leachtach).

## Stáisiún Luchtaithe/Stáisiún Athluchtaithe

Is é stáisiún luchtaithe, ar a dtugtar stáisiún athluchtaithe freisin, an suiteáil fhisiceach chun feithiclí leictreacha a athluchtú. Tá aschur uasta cumhachta teoiriciúil ag gach stáisiún, arna shloinneadh i kW. Tá ar a laghad pointe luchtaithe amháin ag gach stáisiún nach féidir freastal ach ar fheithicil amháin ag an am. Is é an líon pointí luchtaithe ag stáisiún luchtaithe a chinneann an líon feithiclí is féidir a athluchtú ag an stáisiún sin ag am áirithe. I gcás ina n-athluchtaíonn níos mó ná feithicil amháin ag an stáisiún luchtaithe sin ag am ar leith, dáiltear an t-aschur cumhachta uasta ar na pointí luchtaithe éagsúla, ionas go mbeidh an chumhacht a sholáthraítear ag gach pointe luchtaithe aonair níos ísle ná aschur cumhachta an stáisiúin sin.

## Oibreoir Pointí Luchtaithe

Tá Oibreoirí Pointí Luchtaithe freagrach as stáisiúin/pointí athluchtaithe atá inrochtana don phobal a shuiteáil, a chothabháil agus a oibriú.

## Feithicil Leictreach

Is éard is Feithicil Leictreach ann ná feithicil a ritheann ar leictreachas seachas ar bhreoslaí iontaise traidisiúnta.

## Eagraíocht Cláraithe Sainaitheantais

Soláthraíonn gach Ballstát Eagraíocht Cláraithe Sainaitheantais. Ní mór do IDROanna an clárúchán aitheantais d'Oibreoirí Pointí Luchtaithe (CPO) agus Soláthróirí Seirbhíse Soghluaisteachta (MSPanna) a choinneáil le haitheantas uathúil do gach eagraíocht ann.

## Stóras Clárúcháin Aitheantais

Comhoibríonn na hIDROanna náisiúnta ar an leibhéal Eorpach tríd an Stóras Clárúcháin Aitheantais (IDRR). Soláthraíonn an IDRR faisnéis ábhartha ar aitheantas, rochtain ar chláir aitheantais náisiúnta agus iarratais aitheantais. Cuireann sé tacaíocht ar fáil d'IDROanna náisiúnta lena gcuid gníomhaíochtaí agus do na Ballstáit nach bhfuil an IDRO acu fós. Ina theannta sin, cinntíonn an IDRR bainistíocht aitheantais fhadtéarmach inbhuanaithe.

## Soláthraí Seirbhíse Soghluaisteachta

Agus é de réir a chéile ar fud na hEorpa, Nascann MSP custaiméirí le hiliomad pointí luchtaithe arna n-oibriú ag raon CPOnna agus éascaíonn sé íocaíocht trí sheirbhís síntiúis agus/nó aip ar ghuthán cliste. Níl MSPanna chomh coitianta sin in Éirinn; , is minic a chuimsíonn freagrachtaí CPOnna go leor de na seirbhísí a sholáthraíonn MSPanna i réigiúin eile. Comhlíonann siad an dá ról, agus iad ag soláthar seirbhísí ceann go ceann le haghaidh athluchtú EV.

## Bonneagar Luchtaithe Atá Inrochtana don Phobal

Tá bonneagar luchtaithe atá inrochtana go poiblí ar fáil do gach tiománaí EV. De réir an Rialacháin maidir le Bonneagar Breoslaí Malartacha a foilsíodh in 2023, is é bonneagar luchtaithe atá inrochtana go poiblí *ná bonneagar luchtaithe atá 'suite ag láithreán nó áitreabh atá ar oscailt don phobal i gcoitinne, is cuma an bhfuil an bonneagar breoslaí malartacha suite ar mhaoin phoiblí nó phríobháideach, cibé acu an bhfuil teorainneacha nó coinníollacha i bhfeidhm maidir le rochtain ar an láithreán nó ar an áitreabh agus beag beann ar choinníollacha úsáide infheidhme an bhonneagair breoslaí malartacha.'*

## Athluchtú agus Athbhreoslú

Tagraíonn AFIR do phointí agus do stáisiúin 'athluchtaithe agus athbhreoslaithe', agus baineann a rialacháin leis an dá rud, lena n-áirítear na rialacháin maidir le bonneagar sonraí.

> *ciallaíonn "pointe athbhreoslaithe" saoráid athbhreoslaithe chun aon bhreosla leachtach nó gásach malartach a sholáthar, trí shuiteáil fheistithe nó shoghluaiste, nach bhfuil in ann ach feithicil amháin a athbhreoslú ag aon am amháin;*
>
> *ciallaíonn "pointe athluchtaithe" comhéadan feistithe nó soghluaiste a éascaíonn leictreachas a aistriú go feithicil leictreach, nach bhfuil in ann ach feithicil leictreach amháin a athluchtú ag an am céanna, cé go bhféadfadh nascóir amháin nó níos mó a bheith aige chun freastal ar chineálacha éagsúla cónascaire, agus eisiann sé feistí a bhfuil aschur cumhachta acu ar lú é ná 3.7 kW nó arb ionann é agus 3.7 kW arb é a bpríomhchuspóir ná feithiclí leictreacha a athluchtú.*

In Éirinn, tugtar pointí luchtaithe orthu seo de ghnáth.

## Feithicil Astaíochtaí Nialasacha

Tagraíonn feithicil astaíochtaí nialasacha d'fheithicil le cineál innill nach dtáirgeann aon astaíochtaí sceithphíopa de gháis cheaptha teasa ná truailleáin eile le linn a húsáide. Áirítear ar na feithiclí seo feithiclí leictreacha (EVanna), agus feithiclí breosla-chille hidrigine.



# CAIBIDIL 1

## Réamhrá

## 1.1 Forléargas

**Agus muid ag bogadh i dtreo leictriú na hearnála iompair, beidh ról níos tábhachtaí ag sonraí ná riamh. Cé gur féidir le feithicil ar bith a bhfuil inneall dócháin inmheánaigh inti athbhreoslú a dhéanamh ag aon stáisiún peitril, teastaíonn malartú agus bainistiú suntasach sonraí ar fheithicil leictreach roimh, le linn agus tar éis athluchtú. De réir mar a fhásann an gréasán pointí athluchtaithe atá ar fáil go poiblí in Éirinn, beidh ról níos tábhachtaí ag na cleachtais sonraí atá mar bhonn lenár mbonneagar athluchtaithe Feithiclí Leictreacha (EV).**

Beidh go leor éilimh éagsúla á ndéanamh ar shonraí a bhaineann le húsáid EV agus bonneagar athluchtaithe EV atá inrochtana go poiblí, ó na cinn a eascraíonn as ceanglais rialála go dtí na cinn a eascraíonn as mian eispéiris fheabhsaithe tomhaltóirí agus úsáideoirí a chumasú. Tá gá soiléir mar sin le cur chuige straitéiseach uileghabhálach is féidir a chur i bhfeidhm go comhleanúnach chun cinnteacht níos fearr a thabhairt don mhargadh agus do thomhaltóirí. Samhlaítear freisin, trí straitéis shoiléir a fhorbairt ag an tús, go bhfuil acmhainneacht feabhsaithe ann maidir le héifeachtúlachtaí agus ailíniú sna ceanglais agus sna éilimh éagsúla atá á ndéanamh ar Oibreoirí Pointí Luchtaithe (CPO) agus eile, chomh maith le soiléireacht maidir lena róil agus lena bhfreagrachtaí.

## 1.2 Pleanáil Náisiúnta

Sainmhíníodh sa Phlean Forfheidhmithe a chuaigh leis an Straitéis Náisiúnta um Bonneagar Luchtaithe Feithiclí Leictreacha 2022-2025 na príomhghníomhaíochtaí agus táirgí insoláthartha a theastaíonn chun tacú leis an aistriú chuig EVanna, atá ag teastáil chun na spriocanna laghdaithe astaíochtaí atá leagtha amach sa Phlean Gníomhaíochta ar son na hAeráide a bhaint amach. Ceann de phríomhspriocanna inghnóthaithe sa cholún 'Beartas agus Straitéis' laistigh den Phlean Forfheidhmithe is ea straitéis náisiúnta a leagann amach na bearta a bheidh le cur chun feidhme le sonraí a bhailiú, a úsáid agus a chur ar fáil go héifeachtach do pháirtithe leasmhara agus úsáideoirí deiridh cuí.

## 1.3 Rialachán AE

Treisítear ar leibhéal an AE a thábhachtaí atá sé cleachtais a shainiú chun sonraí a sholáthar agus a roinnt a rialú le tabhairt isteach Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/670[1] lena bhforlíontar Treoir 2010/40/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le seirbhísí faisnéise tráchta fíor-ama uile-AE a sholáthar (ar a dtugtar an Treoir ITS de ghnáth). Leis an rialachán tarmligthe seo tugadh isteach dualgas ar CPOnna faisnéis faoi shuíomh, infhaighteacht agus phraghsáil ar a mbonneagar athluchtaithe EV atá ar fáil go poiblí a roinnt le haon úsáideoir sonraí, faoin 1 Eanáir 2025.

Cuirtear go mór leis na ceanglais a leagtar amach sa Rialachán seo i Rialachán (AE) 2023/1804 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meán Fómhair 2023 maidir le himscaradh bhonneagar breoslaí malartacha, ar a dtugtar an Rialachán maidir le Bonneagar Breosla Malartach (AFIR)[2] de ghnáth. Rialaíonn AFIR gnéithe éagsúla den bhonneagar athluchtaithe agus athbhreoslaithe breosla malartach, lena n-áirítear na sonraí is bun leis. Déantar cur síos go hairithe in Airteagal 20 ar na hoibleagáidí agus ar na meicníochtaí faoina gcaithfear sonraí a thacaíonn leis an mbonneagar athluchtaithe EV atá inrochtana go poiblí a chur ar fáil.

[1] https://eur-lex.europa.eu/eli/reg_del/2022/670/oj
[2] https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2023/1804/oj



# CAIBIDIL 2

## Cuspóir agus Struchtúr na Straitéise

**Is é cuspóir na straitéise seo ná a chinntiú go gcuirtear sonraí ardchaighdeáin ar fáil in Éirinn maidir le bonneagar poiblí athluchtaithe EV. Dá réir sin, cuirfidh sé seo ar chumas úsáideoirí sonraí eile seirbhísí faisnéise ardchaighdeáin a sholáthar do Thiománaithe EV. Glacfar cur chuige réamhghníomhach lena chinntiú go seachadfar é seo.**

Sa doiciméad seo, déanaimid cur síos ar na sonraí, an bonneagar sonraí agus na beartais a theastaíonn chun tacú le húsáideoirí sonraí an bhonneagair athluchtaithe EV in Éirinn atá inrochtana go poiblí. Déantar cur síos anseo freisin ar an gcaoi a gcomhlíonfaimid ár n-oibleagáidí rialála mar atá leagtha amach faoi ITS agus AFIR. Cé go leagtar amach ceanglais sonraí an AE maidir leis na cineálacha éagsúla breoslaí malartacha in AFIR, is é scóip na straitéise seo an bonn a leagan síos chun ceanglais maidir le bonneagar athluchtaithe feithiclí leictreacha a chomhlíonadh amháin. Is é is cúis leis seo ná nach bhfuil margaí breosla malartacha eile forbartha in Éirinn fós.

Díríonn Cuid 3 thíos ar an raon sonraí atá le bailiú agus le scaipeadh chun freastal ar riachtanais AFIR agus riachtanais úsáideoirí EV in Éirinn a leagan amach.

Leagann Cuid 4 amach ansin an bonneagar agus na córais sonraí a chaithfear a thabhairt isteach chun ionghabháil, bainistiú agus foilsiú na sonraí a éascú mar atá leagtha amach i gCuid 3.

Tá ceanglais sonraí AFIR níos déine, níos mionsonraithe agus níos casta ná ceanglais ITS. Dá réir sin, leagtar amach sa straitéis a cur chuige maidir le héiceachóras sonraí a sholáthar a shásaíonn na rialacháin níos déine atá in AFIR ar an gcéad dul síos. Mar sin féin, tagann an Treoir ITS i bhfeidhm níos luaithe ná AFIR agus ar an gcúis sin, déantar cur síos i gCuid 5 ar na difríochtaí idir AFIR agus ITS, agus ar an mbealach a aistreofar ó chomhlíonadh ITS go comhlíonadh AFIR.

Is dréachtstraitéis í seo le haghaidh comhairliúcháin phoiblí; mar sin tá ceisteanna struchtúrtha comhairliúcháin i ngach rannóg.

## 2.1 Úinéirí agus Feidhmitheoirí Straitéise

Tá an straitéis seo a fhorbairt agus á stiúradh ag ZEVI. Is oifig thiomanta laistigh den Roinn Iompair í ZEVI. Bunaíodh é i mí Iúil 2022 agus tá sé de chúram air tacú le tomhaltóirí, leis an earnáil phoiblí agus le gnólachtaí leanúint ar aghaidh ag aistriú go feithiclí astaíochtaí nialasacha (ZEVanna).

Is é Bonneagar Iompair Éireann (TII) a sholáthróidh gnéithe feidhmiúcháin na straitéise seo, agus tá gá le reachtaíocht chun tacú leis sin.

Tá TII freagrach as seirbhísí bonneagair iompair atá sábháilte agus éifeachtach a sholáthar agus a oibriú, lena n-áirítear gréasáin bóithre náisiúnta agus iarnróid éadroim na tíre.

Tá sé beartaithe faoi láthair go n-aistreoidh oifig ZEVI go TII in 2025/2026, tráth a mbeidh obair tosaigh na hoifige curtha i gcrích agus a dtabharfaidh sí aghaidh ar ghnáthchúrsaí oibriúcháin agus soláthair seirbhíse.

## 2.2 Achoimre ar na Príomhspriocanna Inghnóthaithe agus ar na Príomhfhreagrachtaí

Léirítear na príomhoibleagáidí, táirgí inghnóthaithe, freagrachtaí agus amlínte thíos.

### Soláthar Sonraí Amh - Freagracht CPO

Sainordaíonn ITS nach mór na sonraí seo a leanas maidir le pointí athluchtaithe a chur ar fáil d'aon úsáideoir sonraí: suíomh, coinníollacha dá n-úsáid, infhaighteacht agus praghas an athluchtaithe ad hoc.

Sainordaíonn AFIR nach mór na sonraí breise a sholáthar freisin lena n-áirítear an cineál nascóirí, líon na spásanna páirceála do dhaoine faoi mhíchumas, sonraí teagmhála an úinéara agus an oibreora, srl (féach Cuid 3 le haghaidh sonraí iomlána).

Leagann an dá cheann acu coinníollacha freisin maidir leis an mbealach uathoibrithe inar ghá na sonraí seo a chur ar fáil.  Ciallaíonn sé seo:

- nach mór dóibh, faoin 1 Eanáir 2025, a bheith in ann na cineálacha sonraí atá sainordaithe ag ITS a sholáthar, go roghnach in OCPI;
- nach mór dóibh, faoin 14 Aibreán 2025, a bheith in ann na cineálacha sonraí atá faoi shainordú AFIR a sholáthar, go roghnach in OCPI atá breisithe ó thaobh struchtúir de; agus,
- nach mór dóibh, faoin 14 Aibreán 2026, a bheith in ann na cineálacha sonraí atá sainordaithe ag AFIR a sholáthar trí API a chomhlíonann DATEX II.



## Malartú agus Athúsáid – Freagracht CPO

Sainordaíonn ITS nach mór na sonraí a chur ar fáil ar bhonn neamh-idirdhealaitheach, ionas gur féidir faisnéis tráchta fíor-ama a chruthú agus a chlárú le haghaidh fionnachtana tríd an bPointe Rochtana Náisiúnta. Ciallaíonn sé seo:

- nach mór dóibh, faoin 1 Eanáir 2025, na sonraí a chur ar fáil d'aon úsáideoir sonraí a iarrann é; agus
- nach mór dóibh, faoin 1 Eanáir 2025, a chinntiú go mbeidh na sonraí sin in-aimsithe trí Thairseach Sonraí Oscailte na hÉireann, an NAP.

## Fionnachtain Sonraí – Freagracht na mBallstát

Faoin ITS, tá sainordú ag an mBallstát saoráid chuardaigh a sholáthar a chuirfidh ar chumas úsáideoirí sonraí a fháil amach cén áit agus conas is féidir leo rochtain a fháil ar an tseirbhís arna soláthar ag an CPO a sholáthraíonn na sonraí bonneagair athbhreoslaithe, faoin 1 Eanáir 2025. Tá an dualgas seo á chomhlíonadh ag an Stát cheana féin.

## Ardán Malartaithe Sonraí – Freagracht an Stáit

Cuireann AFIR agus ITS araon fís straitéiseach ar fáil maidir le soláthar seirbhísí faisnéise cliste fíor-ama maidir le hiompar agus taisteal, agus lena n-áirítear an bonneagar EV atá inrochtana don phobal. Chun an fhís seo a shásamh, seachas oibleagáid shainráite, is é cuspóir na straitéise ná sonraí ardchaighdeáin a sholáthar, a éilíonn cur chuige réamhghníomhach. Tá sé beartaithe mar sin Ardán Malartaithe Sonraí a fhorbairt, agus is é 31 Nollaig 2024 an dáta seachadta dó sin. Tá tuilleadh sonraí ar an réasúnaíocht taobh thiar de seo ar fáil i gCuid 4.

## An Oifig um Chlárú Aitheantais – Freagracht na mBallstát

Sainordaíonn AFIR nach mór do na Ballstáit saoráid a chur ar fáil chun gur féidir aitheantais a eisiúint chuig Úinéirí Pointí Luchtaithe agus Soláthraí Seirbhíse Soghluaisteachta Leictreacha. Ní mór é seo a sholáthar faoin 14 Aibreán 2025. Is féidir tuilleadh sonraí a fháil faoin IDRO.




# CAIBIDIL 3

# Sonraí

## 3.1 Ceanglais Sonraí Loma AFIR

**Leagtar amach in AFIR nach mór do CPOnna infhaighteacht oscailte cineálacha sonracha sonraí a chinntiú maidir leis an mbonneagar athluchtaithe EV atá inrochtana don phobal, gan aon chostas, trí API caighdeánaithe.  Is iad catagóirí sonraí atá ag teastáil ná sonraí statacha agus sonraí dinimiciúla: is ionann sonraí statacha agus sonraí nach n-athraíonn go minic nó go rialta, ach athraíonn sonraí dinimiciúla go rialta agus go minic. Ba cheart go mbeadh úsáideoirí sonraí (sa chás seo, gníomhaithe ábhartha sa mhargadh) in ann seirbhísí faisnéise a thógáil bunaithe ar na APIanna a bhíonn á soláthar ag na CPOnna ionas gur féidir le húsáideoirí deiridh (amhail Tiománaithe EV) leas a bhaint as faisnéis níos fearr agus níos iontaofa maidir le bonneagar poiblí athluchtaithe EVanna. .**

Tá na sonraí ar gá iad a sholáthar faoi AFIR leagtha amach i dTábla 1 thíos.

Tábla 1. *Cineálacha sonraí statacha agus dinimiciúla AFIR*

| Catagóir | Cineál Sonraí |
|---|---|
| **Sonraí Statach (Comhthéacsúla)** | ◦ Suíomh geografach<br>◦ Uaireanta oscailte<br>◦ Líon na spásanna páirceála do dhaoine faoi mhíchumas<br>◦ Sonraí teagmhála úinéir agus oibreora an stáisiúin athluchtaithe |
| **Sonraí Statach (Maidir le Pointí Luchtaithe EV)** | ◦ Cóid aitheantais oibreoir an phointe luchtaithe<br>◦ Liosta nascóirí – lena n-áirítear líon agus cineál an nascaire<br>◦ Cineál srutha (AC / DC)<br>◦ Aschur cumhachta uasta (kW) an stáisiúin athluchtaithe<br>◦ Aschur cumhachta uasta (kW) an phointe athluchtaithe<br>◦ Comhoiriúnacht do chineálacha feithicle |
| **Dynamic Data** | ◦ Stádas oibriúcháin (Ag Feidhmiú / As Feidhm)<br>◦ Infhaighteacht (in úsáid / ar fáil)<br>◦ Praghas ad hoc<br>◦ Cibé acu an bhfuil an leictreachas a sholáthraítear 100% in-athnuaite nó nach bhfuil (Tá / Níl) |

Tá oibleagáidí suntasacha breise ann maidir le sonraí a ndéanfar cur síos níos iomláine orthu faoi rialacháin cur chun feidhme agus tarmligthe, atá fós á bhforbairt ar an leibhéal Eorpach.  Táthar ag súil go ndéanfaidh siad an cur síos ar na pointí athluchtaithe, ar a n-oibreoirí agus ar a bhfeidhmiú a bheachtú. Leis seo, cuirfear struchtúr agus sonraí breise leis na pointí sonraí ardleibhéil thuas.  Mar shampla, de bhreis ar an gcód aitheantais a sholáthar d'oibreoir an tseisiúin athluchtaithe, féadfaidh na rialacháin bhreise a cheangal go soláthrófar an t-ainm dlíthiúil agus an t-ainm tráchtála freisin.

Tá plé suntasach déanta ag ZEVI le húinéirí agus le hoibreoirí pointí athluchtaithe agus tuigeann sé go maith an dúshlán atá ann maidir le comhlíonadh na hoibleagáide APInna oscailte agus sonraí a sholáthar don NAP faoin 14 Aibreán 2025.  D'ainneoin na ndúshlán sin, tá éifeacht dhlíthiúil ag an Rialachán ar fud an AE agus beidh na pointí sonraí sin a bhfuil tuairisc orthu sna rialacháin tarmligthe agus cur chun feidhme, a luaithe a scaoilfear iad, críochnaitheach agus beidh feidhm acu maidir leis na sonraí a chuirfear ar fáil go hoscailte. Leagtar amach in AFIR go mbeidh tréimhse ama réasúnta ann freisin don aistriú a cheadaítear.

## 3.2 Cineálacha Úsáideora agus Riachtanais Sonraí Loma Breise

Sainmhínítear in AFIR úsáideoirí sonraí sa chomhthéacs seo mar 'aon údarás poiblí, údarás bóithre, oibreoir bóithre, oibreoir pointe athluchtaithe agus athbhreoslaithe, eagraíocht taighde nó neamhrialtasach, soláthraí seirbhíse soghluaisteachta, ardán ríomhfhánaíochta, soláthraí léarscáile digití nó aon eintiteas eile', agus samhlaítear go bhféadfaidh siad sonraí a úsáid chun 'faisnéis a sholáthar, seirbhísí a chruthú nó taighde nó anailís a dhéanamh ar bhonneagar breoslaí malartacha'.

Chun cinntí dearaidh a éascú maidir le cé na sonraí bonneagair athluchtaithe EV a bheadh de dhíth, agus cad iad na struchtúir ba cheart a bheith i bhfeidhm le cur ar chumas úsáideoirí sonraí rochtain a fháil ar na sonraí a theastaíonn uathu, sainaithníodh príomhúsáideoirí féideartha sonraí. Iarradh tuairiscí ar cheanglais sonraí ó ionadaithe ó roinnt catagóirí úsáideoirí sonraí: pleanálaithe líonra a athluchtú, lucht acadúil, TII, oibreoir na heangaí, Tiománaithe EV agus eile. Baineadh úsáid as suirbhéanna agus cruinnithe duine-le-duine agus rinneadh cur síos ar na torthaí trí úsáid a bhaint as modh ar a dtugtar 'Scéalta Úsáideora'.

Léiríonn Scéalta Úsáideora, atá lárnach d'fhorbairt bogearraí Agile, spriocanna deiridh atá scríofa ó pheirspictíocht an úsáideora. Buntáiste tábhachtach is ea a gcumas forbróirí a chur ar an eolas faoin méid a spreagann úsáideoirí, rud a fhágann gur féidir gnéithe atá feabhsaithe agus níos úsáidí a chruthú agus réitigh dhigiteacha á chur i bhfeidhm.

Chun críocha na Straitéise seo, ba iad na príomhthosaíochtaí a d'eascair as an bpróiseas seo ná:

- ceanglais rialála a chomhlíonadh (lena n-áirítear soláthar sonraí oscailte);
- ceanglais oibríochtúla a chomhlíonadh (eg, pleanáil agus monatóireacht ar bhonneagar athluchtaithe EV atá inrochtana go poiblí a chumasú); agus,
- ceanglais Tiománaithe EV a chumasú.

Thug Scéalta Úsáideoirí tuiscint ar na sonraí is dóichí a bheadh ag teastáil agus cad iad na modhanna rochtana roghnaithe, m.sh., i bhformáid lom agus neamhphróiseáilte, mar fhaisnéis phróiseáilte, nó trí aip, etc.

Tá sampla de na Scéalta Úsáideora a bhailigh muid curtha ar fáil thíos.

Tábla 2. *Scéalta Úsáideora Samplacha de réir Chatagóir Úsáideoir Sonraí*

| Catagóir Úsáideoir Sonraí | Scéalta Úsáideora Samplacha |
|---|---|
| **Tiománaí EV** | Mar Thiománaí EV, agus mé ag pleanáil chun cinn, ba mhaith liom a bheith in ann luchtairí oiriúnacha agus atá ar fáil a fháil ar mo bhealach nó ag mo cheann scríbe ionas go mbeidh a fhios agam cá stopfaidh mé le hathluchtú, cé chomh fada agus a bheidh mé ann, agus cé mhéad cosnóidh sé. |
| **Úinéir Pointe Rochtana AE** | Mar Phointe Rochtana Idirnáisiúnta an AE, ba mhaith liom a bheith in ann na sonraí statacha agus dinimiciúla go léir atá sainordaithe faoi AFIR a bhailiú ar bhealach uathoibríoch, agus trí chaighdeáin chomhaontaithe malartaithe sonraí, don leictreachas agus don hidrigin, ionas gur féidir liom iad a chur ar fáil don Tionscnamh Sonraí Oscailte Uile-AE. |
| **Oibreoir Eangaí** | Mar Oibreoir Eangaí, ba mhaith liom súil a choinneáil ar an éileamh ag pointí athluchtaithe éagsúla ionas gur féidir liom éileamh a thuiscint agus é a úsáid le haghaidh pleanála agus tuartha. |

| Catagóir Úsáideoir Sonraí | Scéalta Úsáideora Samplacha |
|---|---|
| **Soláthraí Seirbhíse Soghluaisteachta** | Mar Sholáthraí Seirbhíse Soghluaisteachta, ba mhaith liom a bheith in ann rochtain a fháil ar na sonraí statacha agus dinimiciúla go léir atá sainordaithe faoi AFIR agus iad a stóráil ar bhealach uathoibríoch, agus trí chaighdeáin chomhaontaithe malartaithe sonraí, ionas gur féidir liom feidhmchlár a fhorbairt a fhreastalaíonn ar Thiománaithe EV le faisnéis ar na pointí athluchtaithe go léir laistigh de mo líonra. |
| **Ceannaire ZEVI** | Mar Cheannaire ZEVI, ba mhaith liom a bheith in ann na spriocanna a thaifeadadh agus a thuairisciú, agus úsáid a bhaint as na spriocanna bonneagair agus feithiclí sin, mar atá leagtha amach in Iarscríbhinn I de AFIR, ionas go dtuigim conas atá an straitéis iomlán EV ag dul chun cinn, agus mar sin de , go mbeidh mé in ann a chinntiú go bhfuil na hoibleagáidí tuairiscithe atá sna rialacháin á gcomhlíonadh agam. Ba mhaith liom a chinntiú go bhfuil an maoiniú don bhonneagar á dhíriú ar na háiteanna cearta againn, agus go bhfuil muid in ann na láithreacha ina bhfuil gá le bonneagar breise a aithint ionas gur féidir linn oibriú leis an earnáil chun bearnaí a líonadh. |
| **Taighdeoir Acadúil** | Mar thaighdeoir acadúil sa réimse seo, ba mhaith liom a bheith in ann cur leis na sonraí i mo thionscadal taighde iompar-bhunaithe féin ionas gur féidir liom freastal níos fearr ar riachtanais na n-úsáideoirí deiridh atá agam. |
| **Oibreoir Clárlainne IDRO** | Mar Oibreoir Clárlainne an IDRO, ba mhaith liom a fháil amach cé acu de na comharthaí aitheantais eisithe nach bhfuil in úsáid ionas gur féidir liom gníomh cuí a dhéanamh mar atá sainmhínithe ag m’oifig. |
| **Úinéir an Ardáin Mhalartaithe Sonraí** | Mar Úinéir an Ardáin Mhalartaithe Sonraí le haghaidh Sonraí Airteagal 20, ba mhaith liom a chinntiú go bhfuil an córas malartaithe sonraí, agus na sonraí a théann isteach agus a thagann amach as, go hiomlán slán, ionas gur féidir liom a bhailíocht a chinntiú laistigh de mo chóras agus tacú lena bhailíocht maidir lena chur i bhfeidhm ar bhonn níos leithne. |
| **Ceannaire ar Bhonneagar Luchtaithe EV** | Mar Cheannaire ar Bhonneagair, ba mhaith liom eolas a fháil ar úsáid, ar shuíomh, ar chumhacht, ar roghanna íocaíochta agus ar shaoráidí gach stáisiún luchtaire, comhthiomsú agus láithreán ionas gur féidir liom cinneadh a dhéanamh maidir leis na háiteanna is gá infheistíocht a dhéanamh ann chun an bonneagar a fhorbairt chun freastal ar riachtanais Tiománaithe EV. |
| **Oifigeach Reachtaíochta agus Rialachais ZEVI** | Mar Oifigeach Reachtaíochta agus Rialachais, is gá dom a fháil amach cé mhéad luchtaire atá gníomhach faoi láthair, cá bhfuil siad sin, cad é a gcumhacht agus na sonraí eile ina dtaobh, ionas gur féidir liom Ceisteanna Parlaiminte ardleibhéil a fhreagairt agus ceanglais Cumarsáide eile a chomhlíonadh de réir mar a thagann siad chugam. |
| **Rialtóir/Stiúrthóir Forbartha Bonneagair sa Todhchaí** | Mar Rialtóir na Todhchaí, ba mhaith liom a fháil amach an bhfuil pointí athluchtaithe atá neamhchomhlíontach le soláthar sonraí Airteagal 20 ionas gur féidir liom aon bheart iomchuí a dhéanamh de réir mar a shainítear. |

Rinneadh na scéalta úsáideoirí seo a mheas tuilleadh chun tuiscint a fháil ar na nithe seo a leanas maidir leis na pointí sonraí loma is bun leo:

- An sainítear go mbaileofaí iad faoi AFIR?
- Ar ghá iad a bhailiú sa bhreis ar na riachtanais a leagtar amach in AFIR?

Agus an Straitéis seo á forbairt, breithníodh freisin cén feidhmiúlacht bheartaithe eile a bheadh le bheith i bhfeidhm, nó an gcuirfí a leithéid i bhfeidhm ar chor ar bith.

## 3.3 Pointí Sonraí Loma Beartaithe le Soláthar ag CPOnna

Tar éis an anailís ar riachtanais úsáideoirí a dhéanamh, thángthas ar an gconclúid go gcomhlíonfaí beagnach gach ceanglas faisnéis-bhunaithe maidir le sonraí loma leis an tsonraíocht cineáil sonraí faoi AFIR, a luaithe a bheadh na rialacháin cur chun feidhme agus na rialacháin tarmligthe tugtha chun críche curtha leis. Dá bhrí sin, ní scaoilfidh na CPOnna trí API oscailte ach amháin ach na pointí sonraí loma sin atá sainordaithe faoin AFIR.

Mar sin féin, bhí ceanglas breise ag teacht chun cinn ó scéalta úsáideoirí nach raibh clúdaithe ag na sonraí a shonraítear faoi AFIR: Uimhreacha Tagartha Méadarphointe (MPRNanna). Táthar ag súil cheana féin go gcuirfidh seachadadh na gceanglas fairsinge aschuir cumhachta atá sainordaithe faoin AFIR, laistigh de na tréimhsí ama sonraithe a éilítear, brú suntasach breise ar acmhainn na heangaí leictreachais - rud atá ag teastáil ann féin chun freastal ar riachtanais uile na gcustaiméirí leictreachais go léir. Tá sé ríthábhachtach d'Éirinn, mar sin, go dtacaítear le pleanáil bhonneagar na heangaí náisiúnta, agus an bonneagar náisiúnta athluchtaithe EV araon, agus ciallaíonn sé sin go gcaithfidh an t-éileamh leictreachais a ghintear trí athluchtú EVanna a bheith inchainníochtaithe agus in-aimsithe ó thaobh na tíreolaíochta de. Go teicniúil, ciallaíonn sé seo gur cheart meicníocht a chur ar fáil lena gcumasaítear aitheantóir pointe athluchtaithe a chomhcheangal le haitheantóir MPRN – is diad é seo agus d'fhéadfadh sé, mar shampla, a bheith sa chruth seo a leanas: *[aitheantóir pointe luchtaithe 001: MPRN 8400001].*

Cé go mb'fhéidir nach ar ZEVI go díreach atá an fhreagracht as an gcomhcheangal sin a ghiniúint, a stóráil agus a sholáthar, i bhfianaise cé chomh lárnach is atá an diad do chur i bhfeidhm AFIR agus leasanna na hÉireann, tá sé tábhachtach a chinntiú go ndéantar an ceanglas a mheas, agus a éascú más féidir. I ndáil leis sin, tá rogha á breithniú chun an CPO a éascú chun MPRN a chur in iúl do ESBN ag an am céanna le sonraí statacha a sholáthar don ardán sonraí.

Luíonn an argóint ar a shon sin a dhéanamh ar na tairbhí inláimhsithe a sheachadann diad an phointe athluchtaithe-MPRN a aithint. Má chuirtear eolas ar an diad seo ar fáil do ESBN beifear in ann raon tairbhí inláimhsithe a sheachadadh do gach páirtí, lena n-áirítear custaiméirí CPO, mar a leanas:

- Cuirfidh bailiú MPRN ar chumas ESBN sonraí pointe athluchtaithe EV a nascadh leis an líonra dáileacháin. Cabhróidh sé seo le tuiscint a fháil ar úsáid acmhainne luchtaithe EV ag leibhéal an chlaochladáin áitiúil agus tuiscint a fháil ar an treocht maidir le rolladh amach bonneagar luchtaithe EV go comhiomlán ag leibhéal an fhostáisiúin. Éascóidh sé seo léargais chruinne a fháil chun an acmhainn bhreise a theastaíonn ar an ngréasán dáileacháin a thuiscint agus a phleanáil go réamhghníomhach le himeacht ama. Ina dhiaidh sin, bheadh ESBN in ann infheistíochtaí a úsáid go straitéiseach agus ar an mbealach is oiriúnaí le haghaidh uasghráduithe gréasáin agus le forbairt a dhéanamh ar an ngréasáin dáileacháin chun tacú le leictriú iompair.
- Trí na acmhainní athluchtaithe EV agus an chumraíocht ar leibhéal MPRN a thuiscint, beidh ESBN in ann an fhaisnéis shonrach seo a chur san áireamh agus scéimeanna solúbthachta optamaithe á ndearadh do na láithreacha sonracha sin ar an líonra agus ar ualaí leictreacha. Cosnóidh sé sin seachadadh na n-oibleagáidí sainithe faoi mhír 58 de AFIR, ie, cur ar chumas na CPOnna agus a bpointí athluchtaithe aonair a bheith rannpháirteach agus rannchuidiú le seirbhísí solúbthachta fuinnimh.
- Trí fhaisnéis maidir le pointí athluchtaithe a bhailiú ar leibhéal MPRN, déanfaidh sé níos éasca é ar fhoireann pleanála líonra ESBN agus ar oifigigh innealtóireachta measúnuithe teicniúla mionsonraithe a chur i gcrích ar iarratais nua ar bhonneagar athluchtaithe poiblí breise agus ar an gceanglas acmhainne a bhaineann leis sin ag na láithreacha céanna nó ag na cinn atá lámh leo. Is minic a nascfar é seo leis na claochladáin agus na fostáisiúin chéanna ar an ngréasán dáileacháin a bhfuil bonneagar athluchtaithe EV nasctha leo cheana féin.
- Má bhíonn mionsonraí an phointe athluchtaithe EV ag leibhéal MPRN ar eolas ag ESBN, cuirfear ar a chumas an fhaisnéis seo a nascadh go díreach leis an gclaochladán friothálach agus leis an bhfostáisiún friothálach, agus é a úsáid chun measúnú agus anailís níos éifeachtaí a dhéanamh ar thionchar na próifíle

éilimh athluchtaithe EV seo ar an líonra dáileacháin.
- Beidh an samhaltú éilimh a dhéanfaidh ESBN ríthábhachtach chun cur chuige comhtháite pleanáilte a áirithiú maidir le cur i bhfeidhm bonneagair. Cabhróidh sé seo leis an riosca go bhforbrófaí sócmhainní tréigthe a íoslaghdú. Cabhróidh sé freisin lena chinntiú go bhfuil an cumas ag ár n-eangach fuinnimh glacadh le fuinneamh in-athnuaite atá beartaithe agus íoslaghdófar freisin moilleanna maidir le naisc riachtanacha a sholáthar do na pointí iolracha nua athluchtaithe agus athbhreoslaithe ardchumhachta a bheidh ag teastáil chun spriocanna éigeantacha AFIR a bhaint amach.

***Cinnteoidh sainaithint MPRNanna an bhonneagair athluchtaithe EV atá inrochtana go poiblí gur féidir an ceanglas sonraí RED III seo a thuairisciú go cruinn, rud a bheidh ina chuidiú maidir leis na hoibleagáidí sin a chomhlíonadh.***

Ar deireadh, i dteannta leis an AFIR, tuigtear go bhfuil ceanglais tuairiscithe náisiúnta agus AE (agus go bhféadfadh tuilleadh a bheith ann amach anseo) a bhaineann le hoibriú bhonneagar pointí luchtaithe EV. Mar shampla, éilíonn Treoir RED III go dtuairisceoidh na Ballstáit céatadán an fhuinnimh ghlais mar aon leis an dul chun cinn bliantúil maidir le húsáid an fhuinnimh ghlais san iompar. Cinnteoidh sainaithint MPRNanna an bhonneagair athluchtaithe EV atá inrochtana go poiblí gur féidir an ceanglas sonraí RED III seo a thuairisciú go cruinn, rud a bheidh ina chuidiú maidir leis na hoibleagáidí sin a chomhlíonadh. Bheadh easnaimh fós ann, áfach, is minic a bhíonn MPRNanna a fhreastalaíonn ar phointí luchtaithe ag freastal ar riachtanais ghnó eile ar nós réamhchúirt stáisiún peitril agus ní féidir úsáid leictreachais an ghnólachta a scaradh ón mbonneagar athluchtaithe EV. Ní fhéadfaí aghaidh a thabhairt air seo go hiomlán ach amháin dá mbeadh sé d'oibleagáid ar MPRNanna a fhreastalaíonn ar phointí luchtaithe freastal orthu go heisiach, nó dá dtuairisceodh CPOnna an úsáid leictreachais in aghaidh an tseisiúin agus go bhféadfaí sin a nascadh le MPRN ar leith.

### 3.3.1 Réiteach Féideartha MPRN

Tar éis dul i gcomhairle le ESBN, tá an réiteach seo a leanas á mheas.

#### *Cur síos*

Ós rud é go mbeidh CPOnna ag cur sonraí statacha ar fáil maidir le pointí athluchtaithe chuig na córais sonraí bonneagair athluchtaithe EV, d'fhéadfadh meicníocht a bheith san áireamh sa sreabhadh oibre a thacaíonn le fógra a thabhairt don aitheantóir pointe athluchtaithe agus don diad MPRN díreach chuig ESBN ón CPO, cé nach ndéanfaí aon láimhseáil ná stóráil ar an MPRN.

I gcur chun feidhme féideartha amháin, bheadh an próiseas seo cosúil le cás ina mbeadh custaiméir ag ceannach ábhar ar líne le cárta creidmheasa. I gcásanna mar sin, is minic a dhéanann an soláthraí an ghníomhaíocht cheannaigh a atreorú chuig seirbhís sheachtrach láimhseála cárta creidmheasa, rud a chuireann eispéireas ceannaigh saoráideach ar fáil don chustaiméir (macasamhail an CPO sa chás áirithe seo). Sholáthródh cur chun feidhme eile saoráid trína gcuirfí liosta ar fáil do na CPOnna dá gcuid pointí athluchtaithe aitheanta le haghaidh bailíochtaithe, agus chuirfí ar a gcumas a MPRNanna gaolmhara a chur in iúl do ESBN go díreach.

#### *Buntáistí*

Faoin bpróiseas thuas, rachadh CPOnna trí phróiseas amháin le haghaidh gach pointe athluchtaithe trína ndeimhneofaí na sonraí statacha (lena n-áirítear aitheantas an phointe athluchtaithe) agus an MPRN. Ba cheart go laghdódh sé sin an forchostas do CPOnna a d'fhéadfaí a bheith ann dá mbeadh gá le dhá phróiseas ar leith ina bhfuil dhá chóras sonraí difriúla (ceann amháin chun na sonraí statacha a chur isteach,

agus próiseas eile ar leithligh chun ESBN a chur ar an eolas faoin aitheantóir pointe athluchtaithe agus an diad MPRN). . Maidir leis na CPOnna, chomh fada is go bhfuil an MPRN ar eolas acu cheana féin, ba cheart go mba fhíorbheag an costas breise a bheadh ann anuas ar an gcostas breise a bhaineann leis an gcuid eile de na sonraí loma shainordaítear in AFIR a sholáthar.

Ní bheadh aon riosca i gceist maidir le faisnéis inaitheanta phearsanta a stóráil agus a phróiseáil ar an IDRO agus ar na córais mhalartaithe sonraí a bhaineann leis toisc go gcinntíonn an t-atreorú chuig córais ESB Networks nach mbíonn an IDRO agus a ardáin sonraí i dteagmháil leis an MPRN.  Tá na sonraí loma MPRN á n-óstáil ag ESB Networks cheana féin agus mar sin ní dhéanfaí athrú bunúsach ar a phróifíl riosca dá ndéanfadh sé óstáil ar dhiad an phointe luchtaithe MPRN freisin.

*Míbhuntáistí agus Rioscaí*

Bheadh costais theicniúla bhreise ar an Stát maidir le réiteach den sórt sin a dhearadh, a thógáil agus a reáchtáil.

Ag brath ar chastacht an réitigh a roghnófar, d'fhéadfadh go mbeadh ar ZEVI agus ESB Networks oibriú le chéile chun bonneagar TF oiriúnach a sheachadadh chun an socrú seo a éascú nach mbeadh ag teacht leis na hamlínte atá sainordaithe faoi AFIR, ag brath ar a chastacht agus ar na hacmhainní atá ar fáil. Cruthaíonn sé sin baol go bhféadfadh moill éigin a bheith ann maidir le seachadadh an bhonneagair sonraí atá sainordaithe in AFIR. I measc na ngníomhaíochtaí chun an riosca seo a mhaolú tá sonrú próisis mhodúlaigh agus cuimsithe deartha, rud a bhaineann spleáchais ar fud eagraíochtaí, chun na hamlínte do sheachadadh éiceachóras sonraí an Stáit a chosaint chun tacú le láimhseáil na sonraí loma mar a shainordaítear in AFIR.

## 3.4 Comhairliúchán ar Phointí Sonraí Loma Beartaithe

Táimid ag lorg aiseolas uait ar na ceisteanna seo a leanas a bhaineann go sonrach le bailiú na nbpointí loma sonraí.

1. An bhfuil tú sásta gurb iad na sonraí statacha agus dinimiciúla uile atá faoi shainordú AFIR na pointí sonraí cearta le bailiú chun tacú le hoibleagáidí AFIR na hÉireann agus le riachtanais úsáideoirí sonraí náisiúnta?  Má tá aon phointe sonraí ann a chreideann tú a d'fhéadfadh tacaíocht bhreise a thabhairt do riachtanais úsáideoirí sonraí, leag amach iad le do thoil.
2. An gcreideann tú go bhfuil réiteach níos fearr ná an Réiteach Féideartha MPRN thuas chun aghaidh a thabhairt ar an ngá seo le sonraí loma chun tacú le hoibreoir eangaí agus le léargas pleanála bonneagair EV?  Más ea, déan cur síos ar an réiteach sin, le do thoil, agus bíodh na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann leis nuair a chuirtear i gcomparáid leis an Réiteach MPRN Féideartha atá leagtha amach thuas san áireamh agat.
3. Cruthaíonn an gá AFIR a chomhlíonadh agus na pointí sonraí loma á soláthar dúshláin oibriúcháin a bhfuiltear ag súil leo agus atá intuartha do CPOnna.  An bhfuil dúshláin shuntasacha eile roimh CPOnna maidir le soláthar na sonraí seo nach bhfuil muid eolach orthu?  Má tá, déan cur síos orthu le do thoil.

## 3.5 Maoluithe Faisnéise AFIR

Téann faisnéis níos faide ná sonraí loma.  Is minic a thuigtear gurb é a bhíonn i gceist le faisnéis 'sonraí i gcomhthéacs'.  In AFIR, léirítear go bhfuiltear ag súil go n-éascófar riachtanais faisnéise agus léargais na ngníomhaithe laistigh den éiceachóras EV tríd an éiceachóras bunshonraí loma a sholáthar.  Go sonrach, tugann sé aghaidh ar an ngá atá le tiománaithe cinntí eolasacha a dhéanamh maidir lena seisiúin athluchtaithe, agus beartaítear go bhforbróidh gníomhaithe sa mhargadh na seirbhísí faisnéise sin.

*(68) Tugtar aghaidh sa Rialachán seo ar na cineálacha sonraí atá riachtanach chun margadh iomaíoch agus oscailte a fheidhmiú, agus atá riachtanach d'úsáideoirí deiridh chun cinntí eolasacha a dhéanamh maidir lena seisiúin athluchtaithe agus athbhreoslaithe lena n-áirítear trí sheirbhísí faisnéise ardchaighdeáin arna bhforbairt ag gníomhaithe ábhartha sa mhargadh. Níor cheart go mbeadh feidhm ag na ceanglais maidir le cineálacha sonraí a leagtar síos sa Rialachán seo ach amháin maidir leis na sonraí sin atá ar fáil i bhformáid dhigiteach atá inléite ag meaisín.*

Pléitear in AFIR freisin na riachtanais níos leithne a bhíonn ag úsáideoirí agus an ceanglas go mbeidh úsáideoirí sonraí (lena n-áirítear údaráis phoiblí, eagraíochtaí taighde, údaráis bhóithre, agus eile) in ann rochtain a fháil ar fhaisnéis faoin mbonneagar athluchtaithe EV lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta do, inrochtaineacht, infhaighteacht nó acmhainn cumhachta.

*(69) Ba cheart go mbeadh ról bunúsach ag sonraí maidir le feidhmiú leordhóthanach an bhonneagair athluchtaithe agus athbhreoslaithe. Cinneann an fhormáid inar cheart na sonraí sin a chur ar fáil, chomh maith leis an minicíocht a chuirtear ar fáil iad agus leis an gcaighdeán ina bhfuil siad, caighdeán foriomlán an bhonneagair breoslaí malartacha a fhreastalaíonn ar riachtanais úsáideoirí. Ina theannta sin, ba cheart go mbeadh na sonraí sin inrochtana ar bhealach comhleanúnach i ngach Ballstát. Ba cheart do na Ballstáit na sonraí a bhaineann le bonneagar breoslaí malartacha a chur ar fáil mar shonraí oscailte tríd an bpointe rochtana náisiúnta i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/670 ón gCoimisiún (20) agus i gcomhréir leis na sonraíochtaí breise atá comhlántach leo sin a leagtar amach sa Rialachán Tarmligthe sin. Ba cheart freisin go bhféadfaí sonraí den sórt sin a sholáthar do phointe rochtana coiteann Eorpach agus ba cheart don Choimisiún é sin a bhunú. Ba cheart dó feidhmiú mar thairseach aonair sonraí de chuid an Aontais do na sonraí a chuireann oibreoirí ar fáil sna pointí rochtana náisiúnta. Ba cheart do chomhphointe rochtana na hEorpa tógáil ar na struchtúir agus ar na feidhmeanna reatha atá ag an bhFaireachlann Eorpach um Breoslaí Malartacha ("EAFO") nuair is féidir i gcomhar le Córas Faisnéise TENtec nó, mar shampla, ba cheart go gcuirfí rochtain air trí thairseach tiomnaithe gréasáin. Ba cheart go gcuirfeadh an pointe rochtana comhchoiteann Eorpach ar chumas úsáideoirí sonraí rochtain a fháil go héasca ar shonraí, faisnéis a chur i gcomparáid le praghas agus faisnéis a fháil faoi shaintréithe an bhonneagair breoslaí malartacha, amhail inrochtaineacht, infhaighteacht nó acmhainn cumhachta.*

Samhlaítear in AFIR freisin go gcuirfidh an t-éiceachóras sonraí a ndéanann sé cur síos air ar chumas na n-úsáideoirí sonraí sin "faisnéis a sholáthar, seirbhísí a chruthú nó taighde nó anailís a dhéanamh ar bhonneagar breoslaí malartachaa".



## 3.6 Riachtanais Úsáideora agus Riachtanais Faisnéise

Rinneamar iniúchadh ar réitigh dhigiteacha a bhféadfaí iad a chur i bhfeidhm chun tacú le Scéalta Úsáideoirí tosaíochta agus na riachtanais rochtana sonraí a ghabhann leis sin. Chuige sin aithníodh gurb é rochtain a sholáthar ar shonraí loma tríd an IDRO agus Ardán Malartaithe Sonraí (DXP) a bheadh mar bhonn taca do sheirbhísí faisnéise a fhéadfaidh úsáideoirí sonraí a sholáthar amach anseo.  Baineann sé seo leis an méid atá sa chéad cholún i bhFíor 1 thíos.

| | Tairseach Sonraí Loma Statacha agus Dinimiciúla (trí API) | Comhaid Sonraí Statacha | Tuairisciú agus Léargas | Ardseirbhísí* |
|---|---|---|---|---|
| Úinéir NAP AE | ✓ | | | |
| Oibreoir Clárlainne IDRO | | ✓ | ✓ | |
| Rialtóir | | | ✓ | |
| Oibreoir Eangaí | ✓ | ✓ | ✓ | |
| Oibreoir Pointí Luchtaithe | ✓ | ✓ | ✓ | |
| Soláthraí Seirbhíse Soghluaisteachta | ✓ | ✓ | ✓ | |
| Ceannaire ZEVI | | ✓ | ✓ | ✓ |
| Ceannaire Bonneagair Luchtaithe ZEVI | | ✓ | ✓ | ✓ |
| Oifigeach Reachtaíochta agus Rialachais ZEVI | | ✓ | ✓ | ✓ |
| Taighdeoir Acadúil | | ✓ | ✓ | ✓ |
| Forbróir Aipeanna Tríú Páirtí | ✓ | ✓ | | |
| Tiománaí feithicle a úsáideann breosla malartach | | | | ✓ |

* Is éard atá i gceist le hArdseirbhísí ná léarscáileanna idirghníomhacha ar an scáileán, feidhmiúlachtaí áirithinte, feidhmiúlachtaí íocaíochta, srl.

**Fíor 1.** *An chaoi a bhféadfadh cineálacha éagsúla úsáideoirí a bheith ag iarraidh rochtain a fháil ar shonraí pointí athluchtaithe agus athbhreoslaithe, agus an chaoi a bhféadfadh go mbeadh siad ag iarraidh iad sin a úsáid*

Is dócha gur úsáideoirí indíreacha na sonraí loma a bheidh sna húsáideoirí sonraí sin bheidh ag lorg faisnéise, nó a bheidh ag déanamh taighde agus anailíse. Theastódh ón gcuid is mó acu freisin go gcuirfí seirbhísí breise ar fáil mar gheall ar na sonraí mar ní dócha go mbeadh na hacmhainní acu a theastaíonn chun rochtain a fháil ar na sonraí loma trí API, fiosrú ar na sonraí sín agus léargas agus faisnéis a ghiniúint uathu iad féin. Tá an cur chuige maidir le meicníochtaí rochtana sonraí a sholáthar chun freastal ar na riachtanais úsáideoirí seo, chomh maith leis na seirbhísí faisnéise a theastaíonn do Thiománaithe EV, leagtha amach go mion sa rannán maidir le Rochtain Breise Beartaithe ar Shonraí .

## 3.7 Caighdeáin Sonraí agus Ceanglais um Chaighdeáin Mhalartaithe Sonraí AFIR

Coimeádann AFIR an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme a ghlacadh maidir leis na cineálacha sonraí (i.e. na pointí sonraí loma) agus na ceanglais theicniúla maidir le formáid choiteann malartaithe sonraí.  Coimeádann sé an chumhacht freisin gníomhartha a ghlacadh lena leagtar síos sonraíochtaí maidir le cáilíocht, minicíocht agus formáid sonraí.  Is é seo a leanas an téacs ábhartha ó AFIR:

> *6. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 22 chun an méid seo a leanas a dhéanamh: (a) mír 2 den Airteagal seo a leasú chun cineálacha sonraí breise a chur san áireamh a bhaineann le pointí athluchtaithe agus pointí athbhreoslaithe le haghaidh breoslaí malartacha, ar pointí iad atá inrochtana don phobal, nó a bhaineann le seirbhísí a bhfuil dlúthbhaint acu leis an mbonneagar sin a sholáthraíonn nó a sheachfhoinsíonn oibreoirí an bhonneagair sin i bhfianaise forbairtí teicneolaíocha nó seirbhísí nua a chuirtear ar fáil ar an margadh; agus (b) an Rialachán seo a fhorlíonadh trí cheanglais theicniúla choiteanna a leagan síos le haghaidh comhéadan coiteann feidhmchláir chun malartú uathoibrithe agus aonfhoirmeach sonraí a chumasú idir úsáideoirí sonraí agus oibreoirí pointí athluchtaithe agus pointí athbhreoslaithe le haghaidh breoslaí malartacha, ar pointí iad atá inrochtana don phobal.*
>
> *7. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos an méid a leanas: (a) sonraíochtaí atá comhlántach leis na sonraíochtaí sin a leagtar amach i Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/670, a bhaineann le formáid, minicíocht agus cáilíocht na sonraí ina ndéanfar na sonraí dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo agus sna gníomhartha tarmligthe arna nglacadh ar bhonn mhír 6 den Airteagal seo a chur ar fáil; (b) nósanna imeachta mionsonraithe lena gcumasaítear infhaighteacht agus inrochtaineacht sonraí a cheanglaítear de bhun an Airteagail seo.*

## 3.8 Caighdeáin Beartaithe Sonraí agus Caighdeáin Malartaithe Sonraí

Bhí idirchaidreamh réamhghníomhach ag Éirinn le Coimisiún an AE trí Fhoghrúpa Forfheidhmithe an Fhóraim Iompair Inbhuanaithe, a tháinig le chéile chun aiseolas a sholáthar ar na dréachtrialacháin cur chun feidhme agus tarmligthe le roinnt míonna anuas.  Mar thoradh air sin, tá soiléireacht bhreise faighte ag Éirinn maidir le léirmhíniú AFIR mar atá sé faoi láthair, agus conas a fhorbróidh sé faoi na rialacháin bhreise seo.  Ní mór a thuiscint go gcuirfidh siad seo castacht shuntasach leis na caighdeáin sonraí agus na caighdeáin malartaithe sonraí a chuirfear i bhfeidhm faoi AFIR.  Is é an léargas maidir leis an gcastacht bhreise seo a bhfuiltear ag súil léi a mhúnlaigh an straitéis do na Sonraí thuas, agus cuireann sé eolas ar fáil freisin don straitéis don éiceachóras sonraí atá leagtha amach thíos.



# CAIBIDIL 4

## Éiceachóras Sonraí

**Chomh maith le ceanglais agus caighdeáin a leagan amach maidir leis na sonraí loma is gá a chomhroinnt ag CPOnna, leagtar amach in AFIR freisin ceanglais íosta maidir le próisis agus cur chun feidhme éiceachóras sonraí chun tacú leis na sonraí loma sin.**

## 4.1 Ceanglais Éiceachórais Sonraí AFIR

Leagtar amach in AFIR trí phríomh-chomhpháirt a theastaíonn san éiceachóras sonraí; 1. go soláthróidh na Ballstáit IDRO, 2. go gcuirfidh CPOnna na pointí sonraí sonraithe ar fáil ar API oscailte, agus 3. go gcinnteoidh na Ballstáit go mbeifear in ann na sonraí a aimsiú ar bhonn oscailte agus neamh-idirdhealaitheach do gach úsáideoir sonraí trína NAP.  Tá sonraí gach ceann díobh mar a thuairiscítear faoi AFIR ar fáil thíos.

1. Cuirtear síos in Airteagal 20 de AFIR ar an gceanglas maidir le Eagraíocht Cláraithe Sainaitheantais mar a leanas:

> *1. Ceapfaidh na Ballstáit Eagraíocht Cláraithe Sainaitheantais ('IDRO'). Déanfaidh IDRO cóid sainaitheantais uathúla ('ID') a eisiúint agus a bhainistiú chun oibreoirí pointí athluchtaithe agus soláthraithe seirbhíse soghluaisteachta, ar a laghad a shainaithint, faoin 14 Aibreán 2025.*

Tá an straitéis chun an dualgas Stáit seo a chomhlíonadh leagtha amach sa rannán IDRO .

2. Déantar cur síos in Airteagal 20 de chuid AFIR ar an oibleagáid atá ar na CPOnna sonraí a sholáthar mar a leanas:

> *2. Faoin 14 Aibreán 2025, cinnteoidh oibreoirí pointí athluchtaithe agus pointí athbhreoslaithe atá inrochtana don phobal le haghaidh breoslaí malartacha, nó, i gcomhréir leis na socruithe atá eatarthu, úinéirí na bpointí sin, go mbeidh an infhaighteacht ar shonraí statacha agus sonraí dinimiciúla maidir le bonneagar breoslaí malartacha atá á n-oibriú acu, nó seirbhísí atá nasctha go dlúth leis an mbonneagar sin a sholáthraíonn siad nó a sheachfhoinsíonn siad, saor in aisce.*
>
> [Déanann sé cur síos ansin ar na sonraí sonracha, mar a leagtar amach thuas in 'Ceanglais Sonraí AFIR']

Tá an straitéis le haghaidh na sonraí seo leagtha amach sa rannán Sonraí, agus braitheann sí ar CPO a bheith ag comhlíonadh a gcuid oibleagáidí mar atá leagtha amach in Airteagal 20(2) de AFIR anseo.

In Airteagal 20 in AFIR déantar cur síos ar an meicníocht trína gcaithfidh na CPOnna na sonraí loma a sholáthar go hoscailte mar a leanas:

> *3. Déanfaidh gach oibreoir pointí athluchtaithe agus athbhreoslaithe atá inrochtana don phobal i gcás breoslaí malartacha, nó, i gcomhréir leis na socruithe atá eatarthu, úinéir na bpointí sin, Comhéadan Feidhmchláir (API) a chur ar bun lena dtabharfar rochtain saor in aisce agus neamhshrianta ar na sonraí dá dtagraítear i mír 2, agus déanfaidh sé an fhaisnéis faoin API sin a thíolacadh chuig na pointí rochtana náisiúnta.*
>
> *Comhlíonfaidh API gach oibreora pointí athluchtaithe agus athbhreoslaithe, nó, i gcomhréir leis na socruithe atá eatarthu, API úinéir na bpointí sin, ceanglais theicniúla choiteanna arna leagan síos ag an gCoimisiún sna gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear i mír 6 chun malartú uathoibrithe agus aonfhoirmeach sonraí a chumasú idir oibreoirí pointí athluchtaithe agus athbhreoslaithe atá inrochtana don phobal agus úsáideoirí sonraí.*

Déanann an rannán Formáid Soláthair Sonraí cur síos ar an meicníocht ina bhfuil an Stát ag súil go mbeidh sé in ann na sonraí a sholáthraíonn na CPOnna a ionghabháil. Dearadh an mheicníocht seo ar bhealach lena gcinnteofar más féidir le CPOnna sonraí a sholáthar lena n-ionghabháil sa mheicníocht seo, go mbeidh siad ag comhlíonadh na hoibleagáide sin.

3. Déantar cur síos in AFIR ar an oibleagáid agus ar an meicníocht trína gcinntíonn na Ballstáit go bhfuil sonraí loma ar fáil go hoscailte mar a leanas:

> *4. Faoin 31 Nollaig 2024, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh rochtain ar na sonraí dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo, ar bhonn oscailte agus neamh-idirdhealaitheach, ag gach úsáideoir sonraí trína bpointí rochtana náisiúnta i gcomhréir leis na forálacha ábhartha a bhaineann leis na sonraí sin i Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/670 agus i gcomhréir leis na sonraíochtaí comhlántacha breise a fhéadfar a ghlacadh i gcomhréir le mír 7 den Airteagal seo. I gcás ina ndéanann na Ballstáit sonraí a chomhiomlánú faoina bpointí rochtana náisiúnta, féadfaidh siad na sonraí sin a sholáthar do phointe rochtana comhchoiteann Eorpach trí bhíthin API.*

Cé go bhféadfadh an chuma a bheith air ar an gcéad léamh nach mór na sonraí féin a ionghabháil i NAP an Stáit agus a chur ar fáil faoin 31 Nollaig 2024, má léitear Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/670 go grinn, tuigtear nach mór NAP an Stáit na modhanna a sholáthar d'úsáideoirí sonraí chun na sonraí a chuireann na CPOnna ar fáil go hoscailte a fháil amach. Tá sé soiléirithe ag Coimisiún an AE gurb é sin an léirmhíniú ceart. Tá an mheicníocht fionnachtana seo i bhfeidhm cheana féin sa NAP. Déantar é seo a phlé go mion faoin rannán a bhaineann leis an NAP .

## 4.2 Nithe breise a bheidh le cur san áireamh maidir Forfheidhmiú Infrastruchtúr Sonraí

Cé go dtugtar breac-chuntas ar phríomhchodanna an bhonneagair sonraí in AFIR, tá roinnt príomhcheisteanna eile ann maidir leis an mbonneagar teicniúil agus na struchtúir eagraíochtúla is féidir a úsáid chun na comhpháirteanna sin a dhearann an bonneagar sonraí a óstáil chun an t-oiriúnú is fearr don timpeallacht atá ann i ngach ballstát a sholáthar. Cuid lárnach de seo is ea ar cheart d'Éirinn rogha a dhéanamh ardán lárnach a fhorbairt agus a chothabháil chun sonraí bonneagair EV a bhailiú, a bhainistiú agus a scaipeadh. Is minic a chuirfí síos air seo mar ardán malartaithe sonraí.

In Éirinn, tá Pointe Rochtana Náisiúnta ann cheana féin, ach feidhmíonn sé mar thairseach aimsithe sonraí seachas mar ardán malartaithe sonraí (ceadaítear é seo faoin Rialachán ITS a dhéanann cur síos ar fheidhm na NAPanna).

Ina theannta sin, cuireann na sonraíochtaí teicniúla sna dréachtrialacháin reatha cur chun feidhme agus tarmligthe sonraí oibleagáidí ar na Ballstáit maidir le rialú cáilíochta sonraí, rud a chiallaíonn go bhfuiltear ag súil go mbeidh an NAP in ann faireachán a dhéanamh ar cháilíocht na sonraí, rud nach bhféadfadh sé a dhéanamh dá mbeadh sé le leanúint de bheith ag gníomhú mar thairseach aimsithe sonraí amháin maidir leis seo.

Ós rud é nach bhfuil aon phleananna ann nádúr an NAP a athrú ó aimsiú sonraí go malartú sonraí, tá gá mar sin le cumas bainistíochta cáilíochta sonraí gníomhach a fhorbairt.

Seachas na hoibleagáidí cáilíochta sonraí a chuirtear ar gach Ballstát, cuireann AFIR ar chumas na mBallstát cinneadh a dhéanamh an nglacfaidh siad ról réamhghníomhach i mbailiú agus i soláthar na sonraí atá i gceist, nó an nglacfaidh siad cur chuige éighníomhach: ag brath go hiomlán ar na hoibleagáidí atá faoi shainordú CPO maidir le soláthar sonraí chun freastal ar na húsáideoirí sonraí. D'fhágfadh sé seo go mbeadh gach

úsáideoir sonraí ag brath go hiomlán ar CPOnna dá gcuid sonraí, agus chiallódh sé go mbeadh orthu nascadh le foinsí éagsúla sonraí CPO chun seirbhísí faisnéise a thógáil.

Dhéanfadh sé freisin oibleagáidí bainistíochta cáilíochta sonraí ar an Stát faoi AFIR an-deacair in Éirinn toisc go mbeadh infheictheacht theoranta ag an Stát.  Ina theannta sin, dá mbeadh deacrachtaí ag úsáideoirí sonraí rochtain a fháil ar shonraí, nó maidir le cáilíocht na sonraí a cuireadh ar fáil, bheadh sé deacair orthu na saincheisteanna sin a réiteach toisc nach mbeadh ardán lárnach, arna sholáthar ag an Stát, ina bhféadfaí monatóireacht a dhéanamh ar na deacrachtaí sin nó iad a réiteach go réamhghníomhach.

*I bhfianaise na riachtanas agus na gcuspóirí atá ag AFIR mar a thuairiscítear anseo, is é an tosaíocht in Éirinn conair sách réamhghníomhach a ghlacadh ionas gur féidir léi a chinntiú go gcuirtear rochtain ar shonraí ardchaighdeáin ar fáil anseo.*

I bhfianaise na riachtanas agus na gcuspóirí atá ag AFIR mar a thuairiscítear anseo, is é an tosaíocht in Éirinn conair sách réamhghníomhach a ghlacadh ionas gur féidir léi a chinntiú go gcuirtear rochtain ar shonraí ardchaighdeáin ar fáil anseo.  Má ghlactar le cur chuige réamhghníomhach a cuirfear ar chumas an Stáit a chinntiú go bhfuil rochtain ar shonraí ó CPOnna ar fáil, chun a chinntiú go bhfuil an mheicníocht soláthair sonraí oiriúnach, chun a chinntiú go bhfuil na sonraí ar ardchaighdeán, agus chun a chinntiú go gcuirtear na sonraí ar fáil go lárnach d'úsáideoirí sonraí chun seirbhísí faisnéise a thógáil.

Ar na cúiseanna go léir thuas, tá sé beartaithe mar sin Ardán Malartaithe Sonraí (DXP) a thógáil chun an fheidhm bhainistíochta agus malartaithe sonraí a chur san áireamh mar atá leagtha amach ag AFIR.

Cruthóidh sé seo riachtanais acmhainní bainistíochta sonraí fadtéarmacha, ach meastar go bhfuil údar maith leo seo mar gheall ar thábhacht bhunúsach na sonraí seo d'fheidhmiú ceart an mhargaidh athluchtaithe EV in Éirinn. Déanaimid comhairliúchán maidir leis an gcur chuige seo a ghlacadh sa Chomhairliúchán ar Fhorfheidhmiú Ardán Malartaithe Sonraí (agus NAP).

Is príomhcheisteanna eile a bhreithnítear i bhforbairt na straitéise seo cé acu ar cheart an fheidhm sin a óstáil leis an IDRO, agus conas é a chomhtháthú leis an NAP.

### 4.2.1 Taighde Idirnáisiúnta

Chun cabhrú leis na struchtúir fhéideartha le haghaidh cur i bhfeidhm a shainaithint, rinneadh taighde idirnáisiúnta thar roinnt seachtainí. Chuimsigh an taighde sin taighde deisce, cumarsáid scríofa le baill eile de Choiste Stiúrtha an Stórais Clárúcháin Aitheantais (IDRR), agus agallaimh duine le duine le comhghleacaithe a dhéanann ionadaíocht thar ceann na n-oifigí atá freagrach as ailtireacht sonraí EV a sheachadadh i naoi mBallstát eile den chuid an AE. Cuirtear na torthaí i láthair thíos.

### 4.2.2 IDRO agus NAP: Eagraíochtaí Láraithe nó Díláraithe agus Bonneagar Teicniúil

Sular foilsíodh na ceanglais AFIR le déanaí, bhí cineálacha éagsúla cur chuige ag roinnt Ballstát de chuid an AE cheana féin maidir le sonraí a ghintear ó bhonneagar athluchtaithe a chomhroinnt agus a chomhdhlúthú d'fhonn rochtain ar fhaisnéis do thiománaithe EV a éascú (Tábla 2). Is féidir an cur chuige maidir leis an Eagraíocht Cláraithe Sainaitheantais (IDRO), socrú an ardáin mhalartaithe sonraí (DXP)[1], ról an NAP, agus an struchtúr eagraíochtúil agus na freagrachtaí eagraíochtúla a chatagóiriú faoi cheann amháin de dhá mhórchur chuige: cur chuige láraithe agus cur chuige díláraithe.

### 4.2.3 Eagraíocht

I gcás cur chuige láraithe, is aonán aonair atá freagrach as an IDRO agus an DXP. I measc na dtíortha a bhfuil cur chuige láraithe glactha acu tá an Ostair agus an Phortaingéil.

Os a choinne sin, i gcás cur chuige díláraithe bíonn níos mó ná aonán amháin freagrach as an IDRO agus an DXP. D'fhéadfadh sé go mbeadh feidhm an IDRO le comhlachas tionscail – i gcás na hIorua, is iad na Tiománaithe EV atá i gceist, ach i gcás na Gearmáine, is iad na monaróirí agus na gnólachtaí EV atá i gceist – nó d'fhéadfadh an fheidhm a bheith laistigh d'oifig rialtais eile. Ar an gcaoi chéanna, féadfaidh an DXP a bheith ar leith ón IDRO, mar chuid eagraíocht atá ann cheana féin atá freagrach as bunachair shonraí náisiúnta chomhlántacha, mar atá sa Fhrainc, mar shampla.

In BeNeLux tá oibríocht an IDRO do na trí Stát sin láraithe in aon oifig amháin, fad is a leanann siad ag oibriú trí DXP ar leith – ceann amháin do gach tír.

Dealraíonn sé go mbíonn an cinneadh a ghlactar maidir le lárú nó dílárú a dhéanamh bunaithe go mór ar na struchtúir eagraíochtúla atá ar fáil laistigh de gach stát, agus cibé an féidir nó nach féidir éifeachtúlachtaí bhaint amach má dhéantar lárú.

### 4.2.4 Bonneagar Teicniúil

Bíonn an cinneadh maidir le cibé acu atá nó nach bhfuil feidhmeanna an IDRO agus an NAP/DXP laistigh d'aon bhonneagar teicniúil amháin ag brath go mór ar a struchtúir eagraíochtúla. Agus plé á dhéanamh le BeNeLux tháinig sé chun solais nach bhfuil gá le bonneagar teicniúil suntasach dá bhfeidhm IDRO, agus gur mhó na héifeachtúlachtaí eagraíochtúla a bhí le fáil ó lárú a dhéanamh ar fheidhm oifig IDRO na dtrí stát amháin ná aon éifeachtúlachtaí a d'fhéadfaí a bhaint amach ó na trí IDRO éagsúla agus na bonneagair réitithe sonraí a bhailiú ag an leibhéal náisiúnta. Mar sin, tá IDRO amháin ann don Bheilg, don Ísiltír agus do Lucsamburg, ach tá trí réiteach NAP/DXP ar leith ann.

Ar leithligh, scrúdaíodh na cúiseanna taobh thiar de chinntí a rinne stáit maidir le hardán malartaithe sonraí a óstáil laistigh de NAP atá ann cheana féin. Is ceanglas de chuid Threoir 2010/40/AE é NAP stáit, ar a dtugtar an Treoir maidir le Córais Chliste Iompair freisin. Is féidir an NAP sin a bheith i roinnt foirmeacha éagsúla, áfach. Feidhmíonn an chuid is mó acu mar chlár, a chuireann faisnéis ar fáil faoi conas rochtain a fháil ar fhoinsí éagsúla sonraí iompair oscailte. Is í an Fhrainc an t-aon Bhallstát de chuid an AE inar chuir an NAP reatha feidhmiúlacht malartaithe sonraí ar fáil cheana féin. Tá socrú oibríochta comhchosúil ag an Ríocht Aontaithe (RA) agus roghnaigh an dá thír seo na feidhmeanna DXP a chur san áireamh laistigh dá NAP.

Sa Phortaingéil, san Ísiltír, sa Ghréig agus san Iorua, tá DXP ar leith curtha ar bun chun a chinntiú go ndéanann an Stát sonraí maidir le bonneagar athluchtaithe EV a bhailiú, a bhainistiú agus a fhoilsiú. Sna stáit seo, ghlac na DXPanna leis an ról atá sainordaithe ag AFIR mar a thuairiscítear in AFIR, agus glacann siad leis na sonraí ó na CPOnna nó óna ngníomhairí, trí OCPI go minic, agus ansin cinntíonn siad go gcuirtear ar fáil go hoscailte iad i bhformáid chaighdeánach oscailte. Déanann a NAPanna faoi seach tagairt do na DXPanna seo mar fhoinse sonraí ar an mbonneagar athluchtaithe EV atá inrochtana go poiblí.

### 4.2.5 Eagraíocht Phoiblí nó Phríobháideach

Ní gá go bhfuil an NAP/DXP seo faoi shainchúram comhlachta rialtais ach d'fhéadfaí é a sheachfhoinsiú chuig eagraíocht eile, mar shampla, bunaíodh NOBIL san Iorua ar dtús idir gníomhaithe tionscail. I bhFlóndras na Beilge, is cuideachta phríobháideach atá freagrach as an DXP agus cuireadh ar bun é roimh rialacháin AFIR agus sula raibh gá le comhroinnt oscailte sonraí – creideann an rialtas réigiúnach gur cheart gur próiseas faoi stiúir an mhargaidh é bailiú, comhtháthú agus soláthar sonraí bonneagair athluchtaithe.

[1] I measc na dtíortha a ndearnadh breithniú orthu, bhí foirmeacha éagsúla ag an DXP, ach is féidir é a shainiú mar struchtúr a fheidhmíonn mar fhoinse lárnach, chomhtháite d'fhoinsí éagsúla sonraí.

Dealraíonn sé go n-eascraíonn an cinneadh maidir le cóiríocht a thabhairt do na feidhmiúlachtaí ar bhonn príobháideach nó ar bhonn poiblí ón mian chun teacht i dtí ar struchtúir atá ann cheana, agus, i gcásanna áirithe, ón tuairim gur féidir le comhlachais phríobháideacha nó tionscail a bheith in ann an t-ualach ar an Stát a laghdú agus tacaíocht ó pháirtithe leasmhara cosúil le CPOnna a mhéadú, agus mar sin méadú a dhéanamh ar an dóchúlacht go n-oibreoidh siad go deonach chun na sonraí a roinnt. Mar sin féin, is fiú a thabhairt faoi deara go ndearna na stáit seo an cinneadh chun tacú le bainistiú agus le comhroinnt sonraí faoi stiúir an tionscail sular tugadh isteach oibleagáid dhlíthiúil ar na CPOnna sonraí oscailte a roinnt.

**Tábla 2.** *Achoimre ar fhasaigh idirnáisiúnta*

| Tír | I bhfeidhm | Úinéir | Lárú IDRO/ DXP | Comhtháthú DXP/ NAP | Comhéadan |
|---|---|---|---|---|---|
| An Ostair | ✓ IDRO | Rialtóir rialtais | Láraithe | Nascann an NAP leis an DXP. | Gréasán |
| | ✓ DXP | Rialtóir rialtais | | | |
| Benelux | ✓ IDRO | Rialtas | Díláraithe | Nascann an NAP leis an DXP. | Ní raibh aon cheann ann |
| | ✓ DXP | Cuideachta phríobháideach | | | |
| An Eastóin | ✗ IDRO | NA | NA | NA | NA |
| | ✗ DXP | NA | | | |
| An Fhrainc | ✓ IDRO | Comhlachas tionscail | Díláraithe | Feidhmíonn an NAP mar an DXP. | Ní raibh aon cheann ann |
| | ✓ DXP | Rialtas | | | |
| An Ghearmáin | ✓ IDRO | Comhlachas Tionscail | Díláraithe | Nascann an NAP leis an DXP. | Ní raibh aon cheann ann |
| | ✓ DXP | Cuideachta phríobháideach | | | |
| An Ghréig | ✓ IDRO | Rialtas | Láraithe | Nascann an NAP leis an DXP. | Gréasán |
| | ✓ DXP | Rialtas | | | |
| An Iorua | ✗ IDRO | NA | NA | Nascann an NAP leis an DXP. | Ní raibh aon cheann ann |
| | ✓ DXP | Comhlachas Tionscail | | | |
| An Pholainn | ✓ IDRO | Rialtas | Láraithe | Nascann an NAP leis an DXP. | Gréasán |
| | ✓ DXP | Rialtas | | | |
| An Phortaingéil | ✓ IDRO | Fiontar faoi úinéireacht an Stáit | Láraithe | Gan a bheith nasctha nó comhtháite. | Gréasán |
| | ✓ DXP | Fiontar faoi úinéireacht an Stáit | | | |
| An Eilvéis (lasmuigh den AE) | ✗ IDRO | NA | NA | Nascann an NAP leis an DXP. | Gréasán |
| | ✓ DXP | Rialtas | | | |
| RA (lasmuigh den AE) | ✗ IDRO | NA | NA | Feidhmíonn an NAP mar an DXP. | Ní raibh aon cheann ann |
| | ✓ DXP | Taighde agus comhairleoireacht neamhbhrabúis | | | |

## 4.3 IDRO, DXP, NAP: Infreastruchtúr Eagraíochtúil agus Teicniúil a Chur i bhFeidhm

Beidh na feidhmeanna IDRO agus DXP comhlonnaithe laistigh de Bhonneagar Iompair Éireann. Soláthrófar éifeachtúlachtaí teicniúla agus bainistíochta trí fheidhmeanna na heagraíochta a eisíonn aitheantais uathúla d'oibreoirí pointí luchtaithe, soláthraithe seirbhísí ríomhshoghluaisteachta agus pointí luchtaithe, mar aon leis an ardán malartaithe sonraí a dhéanann óstáil ar shonraí an Bhonneagair EV a lárú.

## 4.4 Comhairliúchán ar Eagrú Éiceachórais Sonraí agus Bonneagar Teicniúil

Chun cabhrú le struchtúr a chur ar aiseolas, cuirimid an cheist seo a leanas:

1. An gceapann tú go bhfuil sé cuí go nglacfadh Éire an cur chuige measartha réamhghníomhach atá leagtha amach thuas maidir le soláthar sonraí ardchaighdeáin a chinntiú ar an mbonneagar athluchtaithe EV atá inrochtana don phobal? Más ea, cén fáth? Murab ea, cén fáth?
2. An measann tú go gcuirfidh an t-éiceachóras sonraí mar a thuairiscítear thuas ar chumas na hÉireann cloí lena hoibleagáidí maidir le sonraí oscailte a sholáthar mar a thuairiscítear faoi AFIR agus an ITS? Más ea, cén fáth? Murab ea, cén fáth?



## 4.5 Plean Forfheidhmithe don Éiceachóras Sonraí

### 4.5.1 IDRO

Déanann AFIR cur síos níos mionsonraithe ar fheidhmeanna an IDRO mar seo a leanas:

> *Tá sé ríthábhachtach gur féidir leis na gníomhaithe ar fad san earnáil soghluaisteachta leictrí idirghníomhú go héasca trí mheáin dhigiteacha chun an tseirbhís ar an gcáilíocht is fearr a sholáthar d'úsáideoirí deiridh. Chun idirghníomhú den sórt sin a dhéanamh tá gá le haitheantóirí uathúla do na gníomhaithe sa luachslabhra. Chuige sin, ba cheart do na Ballstáit uile Eagraíocht um Chlárú Aitheantais ('IDRO') a bhunú chun cóid aitheantais uathúla a eisiúint agus a bhainistiú chun oibreoirí pointí athluchtaithe agus soláthraithe seirbhísí soghluaisteachta a shainaithint ar a laghad. Ba cheart do gach IDRO faisnéis faoi na cóid aitheantais leictrea-shoghluaisteachta atá in úsáid cheana sa Bhallstát féin a bhailiú; cóid aitheantais leictrea-shoghluaisteachta nua a eisiúint, i gcás inar gá, d'oibreoirí pointí athluchtaithe agus do sholáthraithe seirbhísí soghluaisteachta faoi loighic choiteann arna comhaontú ar fud an Aontais lena ndéantar cóid aitheantais leictrea-shoghluaisteachta a fhormáidiú, agus ba cheart dó malartú na gcód leictrea-shoghluaisteachta sin a chumasú agus a n-uathúlacht a fhíorú trí Stóras Clárúcháin Aitheantais coiteann ('IDRR') a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo. Ba cheart don Choimisiún treoir theicniúil a eisiúint maidir leis na heagraíochtaí sin a bhunú, agus leas á bhaint as toradh IDACS*

Tógfar feidhmeanna an IDRO chun cur síos thuas AFIR ar an gcomhpháirt seo a éascú.  Tá ról IDACS comhchuimsithe anois i gcoiste stiúrtha an IDRR.

Tríd an gcomhairliúchán a rinneamar leis an gcoiste stiúrtha IDRR agus ár dtaighde idirnáisiúnta, tháinig sé chun solais go bhfuil roinnt difríochtaí idir na Ballstáit sa chur chuige maidir le cóid aitheantais uathúla a eisiúint.

Tá sé ar intinn againn a chinntiú go n-éascóldh an IDRO aithint pointí athluchtaithe, CPOnna agus eMSPanna ar bhonn uathúil, a fhanann de réir a chéile le himeacht ama.  Ciallaíonn sé seo go bhfuil sé beartaithe againn, fiú má fhostaíonn úinéir pointe athluchtaithe seirbhísí oibreora pointe athluchtaithe don chéad bhliain oibríochta, agus má aistríonn sé chuig oibreoir pointe athluchtaithe difriúil don dara bliain oibríochta, go gcoimeádfaidh an pointe athluchtaithe féin an ID céanna. Bainfidh an t-aitheantas leanúnach pointe athluchtaithe seo le haitheantas an phointe athluchtaithe arna ghiniúint ag an CPO ionas gur féidir leis an IDRO clár den CPO a bhaineann le gach pointe athluchtaithe fisiceach sa Stát a sholáthar. Beidh CPOnna fós in ann a n-aitheantóirí reatha a úsáid ina n-oibríochtaí ó lá go lá.

Tá sé i gceist freisin go gcaithfidh gach CPO agus eMSP atá gníomhach sa Stát a bheith cláraithe lenár IDRO, fiú murab é IDRO na hÉireann a d'eisigh a gcéad ID IDRO Eorpach.

Ar deireadh, tá sé i gceist go n-eiseofar ID (nó go gclárófar ID má eisigh IDRO eile é go dlisteanach cheana féin de réir na gcoinníollacha atá leagtha amach anseo) ar bhonn uathúil do gach aonán dlíthiúil fíoraithe atá ag feidhmiú in Éirinn – ní eiseofar ach ID amháin in aghaidh an eintitis dhlíthiúil fhíoraithe.

Ina theannta sin, go ndéanfar athbhreithniú ráithiúil ar an gclárú seo, ina ndéanfar seiceálacha cuí ar chaighdeán na sonraí a soláthraíodh don DXP faoin gclárúchán sin sula n-aontaítear leanúint leis an gclárú.

Foilseofar clár na n-eintiteas a bhainistítear in IDRO na hÉireann agus ar deireadh rannchuideoidh sé le Stór Clárúcháin Aitheantais an AE amach anseo.

### 4.5.2 Comhairliúchán ar Chur i bhFeidhm Beartaithe IDRO

Táimid ag lorg aiseolas mar fhreagra ar na ceisteanna seo a leanas:

1. An gceapann tú go bhfuil sé cuí go gcumasódh an IDRO aitheantas uathúil na n-oibreoirí pointí athluchtaithe – oibreoir amháin, ID amháin? Más ea, cén fáth? Murab ea, cén fáth?
2. An gceapann tú go bhfuil sé cuí go gcumasódh an IDRO sainaithint uathúil agus leanúnach na bpointí athluchtaithe – sainaitheantas leanúnach amháin le haghaidh pointe athluchtaithe, fiú má athraíonn an t-oibreoir? Más ea, cén fáth? Murab ea, cén fáth?
3. An gceapann tú go bhfuil sé cuí nár cheart don IDRO leanúint de chlárúcháin ach amháin sa chás gur coinníodh caighdeán sonraí cuí le linn na ráithe roimhe sin? Más ea, cén fáth? Murab ea, cén fáth?

### 4.5.3 Ardán Malartaithe Sonraí (agus NAP)

Cuirfear DXP ar fáil chun na sonraí comhtháite ar bhonneagar athluchtaithe EV atá inrochtana go poiblí a chur ar fáil. Tacóidh an DXP le soláthar agus comhtháthú na sonraí sonraithe statacha agus dinimiciúla, nach mór do gach CPO a sholáthar. Déanfar tagairt dó freisin sa Tairseach Sonraí Oscailte atá ann faoi láthair, atá á oibriú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta agus Athchóirithe PFN agus arna óstáil ag data.gov.ie. Feidhmeoidh an Tairseach Sonraí Oscailte mar an NAP dá dtagraítear in AFIR, agus soláthrófar seirbhísí aimsithe sonraí chun Airteagal 20(4) a shásamh.

Meastar nuair a dtugtar na sonraí isteach sa DXP, go mbeidh cuid de na nithe thíos nó iad ar fad le cur i bhfeidhm:

- Comhéadan do Phointe Luchtaithe Oscailte (OCPI) nasc díreach ó phiar go piar le CPOnna nó le soláthraí seirbhíse sonraí atá ceaptha ag CPOnna
- Réiteach API oscailte, a chaithfidh a bheith comhoiriúnach le DATEX-II nó comhoiriúnach le AFIR-Data-Annex, rud atá fós le sonrú

Samhlaítear go bhféadfaí cuid de na nithe seo a leanas, nó iad uile, a chur i bhfeidhm chun na sonraí a chur ar fáil:

- Réiteach API oscailte, a chaithfidh a bheith comhoiriúnach le DATEX-II nó comhoiriúnach le AFIR-Data-Annex, rud atá fós le sonrú, agus curtha ar fáil d'úsáideoirí réamhscagtha
- Réiteach API oscailte, a chaithfidh a bheith comhoiriúnach le DATEX-II nó comhoiriúnach le AFIR-Data-Annex, rud atá fós le sonrú, agus curtha ar fáil d'úsáideoirí réamhchláraithe
- Foilsiú oscailte

Cuirfidh TII an straitéis don DXP i bhfeidhm.

#### *4.5.3.1 Cosaint Sonraí*

Ní bhaileofar aon fhaisnéis a bhaineann le sainaitheantas feithicle nó tiománaithe. Ní fholaíonn sonraí an phointe athluchtaithe atá le bailiú aon tagairt d'fheithicil nó do thiománaí (féach Tábla 1 thuas).

Cé go bhfuilimid ag smaoineamh ar CPOnna a éascú agus muid ag tabhairt fógra do ESBN faoin MPRN a bhaineann le gach pointe athluchtaithe, tá sé beartaithe nach láimhseálfadh an DXP ná an IDRO an MPRN sin. Ar an ábhar sin, ní éilíonn sé meastóireacht ar chosaint sonraí don bhonneagar sonraí seo. Déanfaidh ESB Networks a scrúdú cosanta sonraí féin maidir leis seo.

Beidh aon sonraí pearsanta nó inaitheanta pearsanta a bhailítear, mar shampla, ar mhaithe le riaradh cuntas nó ar chúiseanna eile, faoi réir phrionsabail chaighdeánacha GDPR agus déanfar iad a choinneáil agus a phróiseáil ar aon dul leo.



### *4.5.3.2 Slándáil*

Tá feidhm ag dlíthe an AE maidir le slándáil agus athléimneacht an bhonneagair chriticiúil maidir leis na heintitis a bhfuil freagracht orthu as seirbhísí riachtanacha a sholáthar maidir le príomhfheidhmeanna sochaíocha a dhearbhú, tacú leis an ngeilleagar, sláinte agus sábháilteacht an phobail a chinntiú, agus an comhshaol a chaomhnú. Áirítear leis sin na heintitis a sheachadann seirbhísí a sholáthraíonn infhaighteacht agus rochtain ar shonraí bóithre mar atá sainmhínithe sa Treoir ITS, lena n-áirítear sonraí maidir le bonneagar le haghaidh athluchtú agus athbhreoslú le breoslaí malartacha agus na seirbhísí idir-inoibritheachta bunriachtanacha do na sonraí sin.

I gcomhréir leis an liosta seo a leanas de Rialacháin agus de Threoracha an AE, ní mór an DXP a dhearadh, a chur i bhfeidhm agus a bhainistiú ar bhealach a chomhlíonann Treoir an CER, Treoir NIS2, agus AFIR go hiomlán:

- Airteagal 4 de Threoir ITS 2010/40/AE arna leasú le Treoir ITS 2023/2661.
- Airteagal 2 agus Iarscríbhinn den Treoir maidir le hAthléimneacht Eintiteas Criticiúil (CER), lena n-áirítear eintitis ITS. Cuireann an CER siar forálacha Threoir NIS2 a bhaineann le ceanglais chibearshlándála maidir le comhlíonadh CER, agus cuireann sé ceanglais maidir le riosca fisiceach agus athléimneacht leis. Ní mór an CER a thrasuí i ndlí na hÉireann faoin 18 Deireadh Fómhair 2024.
- Airteagal 2 agus Iarscríbhinn I den an Treoir maidir le Slándáil Líonra agus Faisnéise (NIS2) AE 2022/2555, lena n-áirítear gach eintiteas de chuid CER. Ní mór NIS2 a thrasuí i ndlí na hÉireann faoin 18 Deireadh Fómhair 2024.
- Mír 75 de bhrollach AFIR.

Go hachomair, ní mór an DXP a chur chun feidhme chun go gcomhlíonfaidh sé ceanglais Threoir NIS2 go hiomlán, a chumhdóidh ceanglais chomhlíonta cibearshlándála AFIR agus CER.

### *4.5.3.3 Rialachas agus Maoirseacht don DXP agus don IDRO*

Beidh beartais agus nósanna imeachta rialachais inmheánacha iomchuí doiciméadaithe agus achtaithe ag gach comhpháirt den éiceachóras sonraí seo. Leagfaidh Rialachán Cur Chun Feidhme AFIR ar Shonraí treoir amach maidir le formáid, minicíocht agus cáilíocht na sonraí.

Faoi AFIR, gineann na CPOnna na sonraí a sholáthraítear don DXP, agus tá sé de dhualgas orthu a cháilíocht a chinntiú, agus meicníocht rialaithe cáilíochta a shainiú. Déanfar 'cáilíocht' a shainiú tuilleadh faoi Rialachán Cur Chun Feidhme AFIR mar ghné a chuimsíonn iomláine, cruinneas, comhsheasmhacht, tráthúlacht agus sláine. Faoi AFIR, tá oibleagáid ar an NAP (an DXP sa chás seo) monatóireacht a dhéanamh ar cháilíocht na sonraí a chuirtear ar fáil dó.

Déanfar na hoibleagáidí sin go léir a ionchorprú sna beartais rialachais do na hardáin. Chuathas i gcomhairle le Rannóg Sonraí agus Anailíse na Roinne Iompair (DAAD) agus soláthróidh sé roinnt cinnteachta ina leith seo in am trátha.

#### *4.5.3.4 Pointe Rochtana AE*

Is mian leis an gCoimisiún Eorpach tairseach pointe rochtana uile-AE a bhunú faoi 2026 chun na tacair sonraí náisiúnta éagsúla a nascadh faoi aon chomhéadan amháin. Féadfaidh Éire faisnéis a sholáthar don tairseach seo trí API (nach bhfuil a fhormáid sonraithe fós ag an gCoimisiún). D'fhéadfadh go mbeadh gá le dearadh agus seachadadh breise dá bharr. Déanfaimid an riachtanas seo a mheas agus aghaidh a thabhairt air nuair a spreagtar é.

### 4.5.4 Rannpháirtíocht

Reáchtáladh ceardlanna agus cruinnithe duine-le-duine le roinnt CPOnna in Éirinn chun a gcleachtais bhainistíochta sonraí, agus na dúshláin agus na deiseanna a bhaineann le sonraí a mheasann siad a bhaineann le AFIR a fháil amach.

Ar fhoilsiú na straitéise seo, glacfar le haighneachtaí a fhreagraíonn do na ceisteanna comhairliúcháin atá anseo ar bhonn scríofa.  Ina dhiaidh sin, eagrófar deis eile le haghaidh comhairliúcháin grúpa agus duine le duine roimh fhoilsiú na straitéise deiridh.

Ina theannta sin, tá sé inmhianaithe dhá CPO dheonacha ar a laghad a chuimsiú chun cuidiú le dearadh agus le cur i bhfeidhm an IDRO agus DXP, atá ar siúl ó shamhradh 2024 agus a leanfaidh, go atriallach, go dtí samhradh 2025.  Chuige sin, tugadh cuireadh do CPOnna i mí Iúil 2024 chun páirt a ghlacadh ann go deonach.  Tá roinnt daoine tar éis iad féin a chur chun tosaigh agus tá siad gníomhach anois.

## 4.6 Comhairliúchán ar Fhorfheidhmiú an Ardáin Mhalartaithe Sonraí (agus NAP)

Táimid ag lorg aiseolas mar fhreagra ar na ceisteanna seo a leanas:

1. Tá sé beartaithe go gcónascfaidh DXP sonraí éagsúla arna soláthar ag an CPO agus go gcuirfear ar fáil go hoscailte iad.  An moladh cuí é seo?  Más ea, cén fáth?  Murab ea, cén fáth?
2. Tá na trí chineál soláthair sonraí isteach sa DXP atá á mbreithniú leagtha amach thuas.
    a. An bhfuil na cineálacha soláthair sonraí seo ó CPO go DXP cuí?  Más ea, cén fáth?  Murab ea, cén fáth?
    b. Ar cheart dúinn breathnú ar fhoirmeacha eile de sholáthar sonraí?  Má tá, déan cur síos orthu le do thoil.
3. Tá na trí chineál soláthair sonraí isteach sa DXP atá á mbreithniú leagtha amach thuas.  An bhfuil na foirmeacha seo cuí chun na sonraí seo a chur ar fáil?  Más ea, cén fáth?  Murab ea, cén fáth?

## 4.7 Rochtain Breise Beartaithe ar Shonraí

Glacann Éire le cur síos AFIR ar úsáideoirí sonraí lena n-áirítear iad siúd a sholáthraíonn faisnéis agus léargas freisin.  Tá soláthar faisnéise agus léargais taobh amuigh de scóip láithreach na straitéise seo: is é an príomhchúram atá againn ná na ceanglais maidir le sonraí loma agus bonneagair faoi AFIR a chomhlíonadh chun tacú le húsáideoirí sonraí.

Mar sin féin, breithneofar freisin conas modhanna éagsúla rochtana ar shonraí a sholáthar.  Chuirfeadh sé seo ar chumas roinnt úsáideoirí sonraí na sonraí a fháil a d’fhéadfaidís a úsáid ansin chun an anailís a dhéanamh a fhreastalódh ar a gcuid riachtanas faisnéise.

Táthar ag súil go bhféadfadh na nithe seo a leanas a bheith i gceist leis seo:

- comhéadan digiteach a sholáthar chun sonraí loma pointí athluchtaithe a cheistiú agus a íoslódáil;
- comhoibriú leis an bPríomh-Oifig Staidrimh maidir le foilsiú táblaí achoimre tréimhsiúla atá deartha chun tacú leis na ceisteanna is minice a chuirtear ar na sonraí;
- comhoibriú le NAP maidir le foilsiú na sonraí;
- comhoibriú le hOifig Anailíse na Roinne Iompair maidir le tuarascálacha a ghiniúint lena gcumhdaítear oibleagáidí tuairiscithe a bhaineann le AFIR ar Fheithiclí agus Bonneagar Astaíochta Nialais

Cuirfear tús leis an tionscadal seo a luaithe a bheidh acmhainní ar fáil ó chur i bhfeidhm an Éiceachórais Sonraí. Is é an t-amlíne mheasta ná Bealtaine 2025 le haghaidh a thosaithe agus is é Samhain 2025 an dáta seachadta.

Is í an chéad chéim laistigh den tionscadal ná athbhreithniú a dhéanamh ar na scéalta úsáideoirí a bailíodh cheana féin mar b'fhéidir go mbeadh gá iad a athnuachan nó iad a nuashonrú agus an fhaisnéis is déanaí á mheas. Déanfar measúnú orthu ansin agus cinnfear a gcuid cosáin. Ag an am seo, tarlóidh céim fhoirmiúil pleanála tionscadail, agus aithneofar nó sannfar na táirgí insoláthartha nithiúla, amlínte, spleáchais, geallsealbhóirí, srianta agus acmhainní.




## 4.8 Rochtain Sonraí do Riachtanais Faisnéise Tiománaithe EV

Mar aitheantas ar a thábhachtaí atá seirbhís eolasbhunaithe do Thiománaithe EV, admhaímid, mar a shamhlaítear le AFIR, gurbh é an margadh is fearr a sholáthródh í. Tá sé léirithe ag taighde idirnáisiúnta ar thíortha eile san AE, nuair a chuirtear sonraí bonneagair athluchtaithe statach agus dinimiciúil oscailte ar fáil, go dtéann an margadh príobháideach chun cinn chun réitigh a sholáthar don phobal, amhail pleanáil turas, áirithinte agus iarratais ar íocaíocht. Tá sé ar intinn againn an t-éiceachóras sonraí agus an rochtain atá ag teastáil a sholáthar mar bhunús don mhargadh chun seirbhísí faisnéise Tiománaithe EV a sholáthar.

Tá seisiúin faisnéise tairgthe ag ZEVI (maidir leis na sonraí oscailte a chuirfear ar fáil faoi AFIR) do ghníomhaithe margaidh a bhfuil nó a bhféadfadh spéis a bheith acu i seirbhísí faisnéise a sholáthar in Éirinn lena n-áirítear iad siúd a d'fhéadfadh seirbhísí a sholáthar do CPOnna, eMSPanna agus Tiománaithe EV.

Tráth nach déanaí ná Bealtaine 2026, déanfar athbhreithniú chun a mheas an bhfuil an margadh ag freastal go cuí ar riachtanais faisnéise Tiománaithe EV. Tabharfaidh sé sin bliain don mhargadh chun réiteach a fhorbairt bunaithe ar na sonraí a cuireadh ar fáil don DXP i mí Aibreáin 2025. Mura gcomhlíonann na réitigh atá ar an margadh ag an am sin riachtanais tiománaithe EV go sásúil, d'fhéadfadh go mbeadh gá le pleanáil agus cur i bhfeidhm breise chun aghaidh a thabhairt ar aon easnamh.





*Léiríonn Fíor 3 conas a úsáideadh na scéalta úsáideoirí chun an rún taobh thiar de na gnéithe agus feidhmiúlacht a chur in iúl go soiléir.*

## 4.9 Comhairliúchán ar Rochtain Breise Beartaithe, lena n-áirítear faisnéis do Thiománaithe EV

Táimid ag lorg aiseolas mar fhreagra ar an gceist seo a leanas:

1. Chun tacú le húsáideoirí sonraí ar mian leo faisnéis agus léargas a ghiniúint, tá na réitigh rochtana sonraí thuas á mbreithniú i dteannta leis na sonraí loma atá ar fáil go hoscailte arna soláthar ag DXP. An moladh cuí é seo? Más ea, cén fáth? Murab ea, cén fáth?
2. An aontaíonn tú gurb é comhlíonadh na n-oibleagáidí maidir le bailiú, bainistiú agus scaipeadh sonraí loma mar a thuairiscítear faoi AFIR, mar aon leis na modhanna rochtana sonraí breise atá beartaithe, an bealach is fearr chun tacú le riachtanais faisnéise na dTiománaithe EV? Más ea, cén fáth? Murab ea, cén fáth?



CAIBIDIL

5

# ITS agus AFIR – Príomhoibleagáidí agus Príomhfhreagrachtaí

**Tugann an Treoir ITS, AFIR agus a rialacháin cur chun feidhme agus tarmligthe isteach go leor ceanglais theicniúla nach mór do CPOnna a chomhlíonadh. Sa chuid seo tá sé mar aidhm againn forbhreathnú a sholáthar ar an mbealach straitéiseach agus teicniúil atá á leagan amach in Éirinn chun comhlíonadh ITS a chumasú ar an gcéad dul síos, le haistriú chuig comhlíonadh AFIR.**

## 5.1 Sonraí

Cruthaíonn an ITS agus a rialachán tarmligthe oibleagáid ar CPOnna dhá chineál faisnéise a sholáthar, a shonraítear san Iarscríbhinn mar seo a leanas:

> *(1) Na cineálacha sonraí maidir le bonneagar: […]*
>
> *(e) suíomh pointí athluchtaithe le haghaidh feithiclí leictreacha agus na coinníollacha maidir lena n-úsáid;*
>
> *(6) Na cineálacha sonraí maidir le húsáid fíor-ama an ghréasáin: […]*
>
> *(g) infhaighteacht pointí athluchtaithe agus stáisiúin le haghaidh feithiclí leictreacha;*
>
> *(i) inrochtaineacht pointí agus stáisiúin athluchtaithe le haghaidh feithiclí leictreacha.*

Is catagóirí sách leathan iad seo – cosúil le coincheap na sonraí 'statacha' agus na sonraí 'dinimiciúil' a shainítear in AFIR. Ceanglaítear le gníomh tarmligthe ITS na sonraí seo a roinnt faoin 1 Eanáir 2025. Éilíonn AFIR go roinnfear go leor pointí sonraí níos sainiúla faoin dá chatagóir seo, agus ní mór iad a roinnt faoin 14 Aibreán 2025.

## 5.2 Formáid Soláthair Sonraí

Sainordaíonn an ITS agus a gníomhartha tarmligthe nach mór na sonraí a roinnt i bhformáid chaighdeánaithe agus soláthraítear sé samplaí díobh sin. Deir Airteagal 4.1:

> *Chun soláthar seirbhísí faisnéise tráchta comhoiriúnacha, idir-inoibritheacha agus leanúnacha a éascú ar fud an Aontais, soláthróidh údaráis bhóithre, oibreoirí bóithre, oibreoirí dolaí agus páirtithe leasmhara a bhaineann le hathluchtú agus athbhreoslú na sonraí maidir le bonneagar a liostaítear san Iarscríbhinn a bhailíonn siad i bhformáid chaighdeánaithe amhail an tsonraíocht sonraí INSPIRE…, TN-ITS (…) nó DATEX II.*

Ciallaíonn sé seo gur leor na sonraí a roinntear trí úsáid a bhaint as OCPI le haghaidh ITS. Mar sin féin, sainordaíonn AFIR nach mór cineálacha sonraí breise nach bhfuil clúdaithe cheana féin ag OCPI a roinnt. Ciallaíonn sé seo nach leor OCPI chun AFIR a chomhlíonadh. Is féidir, áfach, cineálacha áirithe sonraí OCPI a fheabhsú chun na sonraí breise a éilíonn AFIR a sholáthar, agus leanúint ar aghaidh ag baint úsáide as an meicníocht malartaithe sonraí arna soláthar ag OCPI.

Ina theannta sin, sonraítear sna dréachtghníomhartha sonraí tarmligthe agus cur chun feidhme nach mór na sonraí a roinnt trí API i bhfoirm a chomhlíonann DATEX II agus tá sé soiléirithe go cinntitheach ag an gCoimisiún i dteachtaireachtaí breise nach leor OCPI chun na críche sin. Mar sin féin, tá sé molta aige go mbrúfaí amach an dáta le haghaidh malartú na sonraí comhlíontacha DATEX II go dtí an 14 Aibreán 2026.

## 5.3 Freagracht CPO

Maidir le CPOnna, ciallaíonn sé seo:

- nach mór dóibh, faoin 1 Eanáir 2025, a bheith in ann na cineálacha sonraí atá sainordaithe ag ITS a sholáthar, go roghnach in OCPI;
- nach mór dóibh, faoin 14 Aibreán 2025, a bheith in ann na cineálacha sonraí atá faoi shainordú AFIR a sholáthar, go roghnach in OCPI atá breisithe ó thaobh struchtúir de; agus,
- nach mór dóibh, faoin 14 Aibreán 2026, a bheith in ann na cineálacha sonraí atá sainordaithe ag AFIR a sholáthar trí API a chomhlíonann DATEX II.

## 5.4 Malartú agus Athúsáid

Faoi ITS 4.2, beidh na sonraí seo, agus na meiteashonraí comhfhreagracha lena n-áirítear faisnéis maidir lena gcáilíocht, inrochtana le haghaidh malartaithe agus athúsáide ag úsáideoir sonraí ar bith laistigh den Aontas:

*a) ar bhonn neamh-idirdhealaitheach;*

*b) ceanglais cháilíochta íosta seo a leanas a n-aontóidh na Ballstáit leo i gcomhar leis na páirtithe leasmhara ábhartha;*

*c) laistigh de thréimhse ama oiriúnach d'úsáid iontaofa agus éifeachtach na sonraí chun faisnéis tráchta fíor-ama a chruthú;*

*d) tríd an bpointe rochtana náisiúnta nó comhchoiteann dá dtagraítear in Airteagal 3.*

## 5.5 Freagracht CPO

Maidir le CPOnna, ciallaíonn sé seo:

- nach mór dóibh, faoin 1 Eanáir 2025, na sonraí a chur ar fáil d'aon úsáideoir sonraí a iarrann é; agus
- nach mór dóibh, faoin 1 Eanáir 2025, a chinntiú go mbeidh na sonraí sin in-aimsithe trí Thairseach Sonraí Oscailte na hÉireann, an NAP.

## 5.6 NAP

Sa Treoir ITS, leagtar amach in Airteagal 3 an oibleagáid atá ar na Ballstáit NAP a sholáthar mar seo a leanas:

1. *Bunóidh gach Ballstát pointe rochtana náisiúnta. Beidh an pointe rochtana náisiúnta ina phointe rochtana aonair d'úsáideoirí sonraí ar na sonraí a liostaítear san Iarscríbhinn, lena n-áirítear nuashonruithe sonraí, arna soláthar ag na sealbhóirí sonraí dá dtagraítear in Airteagal 4 go hAirteagal 11 agus a bhaineann le críoch Ballstáit ar leith.*
2. *Féadfar pointí rochtana náisiúnta nó comhchoiteanna atá ann cheana agus a bunaíodh chun Airteagal 3 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/962 nó na ceanglais a eascraíonn as gníomhartha tarmligthe eile arna nglacadh faoi Threoir 2010/40/AE a úsáid mar phointí rochtana náisiúnta chun críocha an Rialacháin seo má mheasann na Ballstáit gurb iomchuí sin.*

3. *Cuirfidh pointí rochtana náisiúnta seirbhísí fionnachtana ar fáil d'úsáideoirí sonraí, mar shampla seirbhísí lena gceadaítear cuardach a dhéanamh ar na sonraí iarrtha trí úsáid a bhaint as inneachar na meiteashonraí comhfhreagracha agus inneachar den sórt sin a thaispeáint.*

4. *Áiritheoidh sealbhóirí sonraí poiblí agus príobháideacha go soláthróidh siad na meiteashonraí chun go mbeidh úsáideoirí sonraí in ann tacair sonraí a aimsiú agus a úsáid trí phointí rochtana náisiúnta.*

## 5.7 Freagracht an Bhallstáit

Mar a thuairiscítear, cuireann an NAP seirbhísí fionnachtana ar fáil.  Faoin ITS, tá sainordú ag an mBallstát saoráid chuardaigh a sholáthar a chuirfidh ar chumas úsáideoirí sonraí a fháil amach cén áit agus conas is féidir leo rochtain a fháil ar an tseirbhís arna soláthar ag an CPO a sholáthraíonn na sonraí bonneagair athbhreoslaithe, faoin 1 Eanáir 2025.  Go deimhin, soláthraíonn an NAP a leithéid d'áis chuardaigh, chomh maith leis na modhanna chun clárú mar sholáthraí sonraí, agus an cumas an tseirbhís sonraí a chlárú. Ciallaíonn sé seo go bhfuil an Stát ag comhlíonadh a chuid oibleagáidí faoi ITS cheana féin.  Comhlíonann sé freisin na hoibleagáidí gaolmhara atá air faoi Airteagal 20(4) AFIR.

## 5.8 Freagracht CPO

Tagann na gníomhartha tarmligthe a bhaineann le ITS i bhfeidhm an 1 Eanáir 2025.  Ba cheart do na CPOnna, dá bhrí sin, an tseirbhís soláthair sonraí atá roghnaithe acu a chlárú sa NAP faoi dheireadh 2024 chun go mbeidh siad comhlíontach le ITS.




# CAIBIDIL 6

## Straitéis – Plean Forfheidhmithe

## 6.1 Pleanáil agus Freagrachtaí

**Déanfar gach tionscadal ar a gcuirtear síos thuas a phleanáil agus a chur i gcrích go cúramach, le hathbhreithnithe rialta agus seicphointí chun dul chun cinn a rianú, rioscaí féideartha a aithint, agus straitéisí a choigeartú de réir mar is gá. Tá béim suntasach curtha againn ar chomhoibriú agus ar chumarsáid tras-eagraíochta, rud a chinnteoidh ailíniú idir foirne, rialáil, agus úsáideoirí deiridh chun réitigh a sholáthar a chomhlíonann riachtanais. Tá pleanáil mhionsonraithe ar bun do sholáthar an Éiceachórais Sonraí agus tá na riachtanais eile á mbainistiú faoin gClár Straitéise Sonraí.**

Tar éis comhairliúchán poiblí a reáchtáil ar an dréachtstraitéis seo, beifear in ann an plean cur chun feidhme a bheachtú tuilleadh.  Ar an gcaoi chéanna, agus an obair ag dul ar aghaidh ar an éiceachóras sonraí, éireoidh riachtanais bhreise cur chun feidhme soiléir le himeacht ama.  Beidh na sonraí breise sin san áireamh sa doiciméad straitéise deiridh.

## 6.2 Rialachas

Tá an straitéis seo á cur i bhfeidhm faoi rialachas an Chláir Straitéise Sonraí.  Tá sé seo faoi stiúir ZEVI, agus tá ionadaithe ó ZEVI, TII agus an Roinn Iompair ann. Cuirfidh an straitéis seo leis an rialachas a bhaineann le hoibleagáidí na hÉireann faoi AFIR, agus cuidíonn sé le monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh air sin. Ar a laghad, fágfaidh an straitéis go mbeifear in ann iniúchadh a dhéanamh ar riachtanais sonraí na hÉireann faoi cheanglais AFIR agus déanfaidh sé beart maidir le tuairisciú ar leibhéal Náisiúnta agus Idirnáisiúnta do cheanglais AFIR a bhaineann le Sonraí Feithiclí Leictreacha agus IDRO.

Tá cur síos déanta thuas ar bhreithnithe rialachais don éiceachóras sonraí faoi 4.5.2.3 Rialachas agus Maoirseacht don DXP agus don IDRO.

## 6.3 Srianta

Tarlóidh aistriú na feidhme ZEVI go TII agus bunú nádúr fadtéarmach a róil agus a fhreagrachtaí in éineacht le comhdhlúthú na bpleananna le haghaidh oibriú an éiceachóras athluchtaithe EV in Éirinn.

Leagtar amach sa straitéis sonraí seo riachtanais do bhonneagar sonraí agus do bheartais sa lá atá inniu ann a mbeidh gá leo chun freastal ar mhuintir na hÉireann go fadtéarmach. Mar sin féin, níl na ceanglais go léir don chóras sin ar eolas go fóill toisc nach bhfuil an comhthéacs ina n-oibreoidh sé ar bun go hiomlán go fóill.

## 6.4 Rioscaí agus Bearta Maolaithe

| Riosca Féideartha | Straitéis Maolaithe |
|---|---|
| **Bonneagar teicniúil a ailíniú leis an timpeallacht rialála mhícheart** | Argóintí fianaise-bhunaithe a chur ar fáil bunaithe ar anailís idirnáisiúnta. Comhoibriú le geallsealbhóirí chun réitigh a mholadh a fhreastalaíonn ar riachtanais an tionscail agus iad in oiriúint don timpeallacht rialála in Éirinn. |
| **Dúshláin bheartais** | Cuspóirí agus tosaíochtaí soiléire beartais a bhunú atá ailínithe le spriocanna na straitéise seo. Dul i mbun comhairliúchán le geallsealbhóirí chun dúshláin bheartais a bhféadfaí a bheith ann a aithint agus straitéisí maolaithe a fhorbairt dá réir. Tacú le hathruithe polasaí nuair is gá chun tacú le cur i bhfeidhm na straitéise seo. |

| Riosca Féideartha | Straitéis Maolaithe |
|---|---|
| **Tuiscint neamhleor ar riachtanais úsáideoirí** | Agallaimh chuimsitheacha le geallsealbhóirí agus taighde úsáideoirí a dhéanamh chun na riachtanais go léir a bhailiú sula gcinnfidh siad cé acu atá sa raon feidhme. Rannpháirtíocht a dhéanamh le páirtithe leasmhara ar fud an phróisis forbartha chun riachtanais a bhailíochtú agus a chur in ord tosaíochta. |
| **Dúshláin seachadta teicniúla** | Infheistiú a dhéanamh in acmhainní teicniúla oilte agus saineolaithe chun seachadadh teicniúil éifeachtach na straitéise sonraí a chinntiú. Measúnuithe teicniúla críochnúla agus staidéir féidearthachta a dhéanamh chun dúshláin a fhéadfadh a bheith ann a shainaithint agus chun pleananna maolaithe a fhorbairt. Modheolaíochtaí forbartha sofhreagrúla a chur i bhfeidhm chun oiriúnú do riachtanais agus tosaíochtaí teicniúla atá ag athrú. |
| **Plé le páirtithe leasmhara** | Bealaí cumarsáide oscailte a chothú le páirtithe leasmhara trí chruinnithe rialta, ceardlanna agus seisiúin chomhairliúcháin. Cumarsáid shoiléir thrédhearcach a sholáthar maidir le cuspóirí, tairbhí agus dul chun cinn na straitéise seo. Aiseolas ó gheallsealbhóirí a chur san áireamh sa phróiseas pleanála agus forfheidhmithe chun ailíniú le riachtanais agus ionchais na bpáirtithe leasmhara a chinntiú. |
| **Gaibhniú díoltóirí** | Glacadh le caighdeáin oscailte agus teicneolaíochtaí idir-inoibritheacha chun spleáchas ar dhíoltóirí sonracha a íoslaghdú. Réitigh neodracha díoltóra a chur i bhfeidhm agus teicneolaíochtaí dílsithe a sheachaint a bhféadfadh glasáil isteach díoltóirí a bheith mar thoradh orthu. Meastóireachtaí díoltóirí críochnúla a dhéanamh agus idirbheartaíocht a dhéanamh ar chonarthaí díoltóirí le solúbthacht agus straitéisí scoir san áireamh. |
| **Inscálaitheacht Ardán Malartú Sonraí Neamhleor** | Measúnuithe críochnúla inscálaithe a dhéanamh le linn na céime deartha. Ailtireacht mhodúlach agus bonneagar néal-bhunaithe a chur i bhfeidhm chun freastal ar fhás. Athbhreithniú agus barrfheabhsú a dhéanamh ar fheidhmíocht an ardáin go rialta. |
| **Easpa Struchtúr Soiléir Rialachais do Sheachadadh IDRO** | Comhlacht rialachais tiomnaithe a bhunú ar a mbeidh geallsealbhóirí ábhartha chun maoirseacht a dhéanamh ar sheachadadh an IDRO. Róil, freagrachtaí, agus próisis cinnteoireachta a shainiú chun rialachas agus cuntasacht éifeachtach a chinntiú. |
| **Dúshláin Chomhtháthaithe Theicniúil le Ceanglais Sonraí AFIR** | Measúnuithe teicniúla cuimsitheacha a dhéanamh chun dúshláin chomhtháthaithe a aithint roimh ré. Caighdeáin agus prótacail sonraí idir-inoibritheacha a chur i bhfeidhm chun comhtháthú saoráideach le ceanglais sonraí AFIR a éascú. |
| **Neamhsholáthar sonraí ó CPOnna** | Dul i ngleic le CPOnna chun a mbonneagar agus a mbeartais bhainistíochta sonraí, agus a srianta teicniúla agus acmhainní a thuiscint ionas gur féidir an t-éiceachóras sonraí agus na beartais sonraí a dhearadh leis na rudaí sin san áireamh; ag comhlíonadh ár n-oibleagáidí agus fós ag seachadadh an chuspóir na straitéise. |



# CAIBIDIL 7

## Achoimre

## 7.1 Achoimre

**Déanann an straitéis seo cur síos ar an gcur chuige beartais maidir le soláthar sonraí agus ar an mbonneagar sonraí atá beartaithe a thacóidh le húsáideoirí sonraí bhonneagar feithiclí leictreacha in Éirinn agus a chomhlíonfaidh oibleagáidí rialála na hÉireann mar atá leagtha amach in AFIR. Soláthraíonn sé achoimre ar na nithe siúd faoi dhá phríomhcholún:**

- Sonraí Loma: déantar cur síos ar na caighdeáin sonraí loma, ar na caighdeáin malartaithe sonraí agus ar an rochtain ar shonraí a bheidh ag teastáil chun freastal ar AFIR agus ar riachtanais úsáideoirí sonraí níos leithne. Breithnítear go sonrach cibé an bhfuiltear ag freastal go sásúil ar riachtanais faisnéise Tiománaithe EV nó nach bhfuiltear.
- Éiceachóras Sonraí: cuireann sé síos ar an mbonneagar sonraí a chumasóidh na hoibleagáidí rialála reatha a chomhlíonadh agus sonraí oscailte a roinnt ar bhonneagar athluchtaithe EV atá inrochtana go poiblí in Éirinn.

Déantar cur síos ann freisin ar an mbealach ina mbeidh CPOnna agus an Stát in ann aistriú ó chomhlíonadh ITS go AFIR. Críochnaíonn sé leis an bplean forfheidhmithe don Chlár Straitéise Sonraí.

## 7.2 Straitéis – Comhairliúchán Foriomlán

**Chun cabhrú le struchtúr a chur ar aiseolas, cuirimid an cheist seo a leanas:**

1. Maidir leis an straitéis seo ina hiomláine, an bhfuil aon réimse nó saincheist shubstainteach ar iarraidh uaithi a chreideann tú ar cheart aghaidh a thabhairt uirthi? Má tá, cad é?

Department of Transport
**gov.ie/transport**

An Roinn Iompair
Department of Transport